Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**14128/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0085(COD)**

**CYBER 343**
**TELECOM 428**
**INST 396**
**CSC 472**
**CSCI 157**
**INF 176**
**FIN 1158**
**BUDGET 22**
**DATAPROTECT 294**
**CODEC 1617**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10097/5/22 REV 5 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7474/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais<br>- Cur chuige ginearálta |

**RÉAMHRÁ**

1. An 22 Márta 2022, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bhí an togra ar cheann de na bearta dá bhforáiltear i Straitéis Chibearshlándála an Aontais don Deacáid Dhigiteach[1], a bhfuil sé mar aidhm léi athléimneacht chomhchoiteann an Aontais i gcoinne cibearbhagairtí a neartú.

[1] 14133/20.

Sna conclúidí uaithi an 22 Márta 2021 maidir leis an Straitéis sin[2], chuir an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil an chibearshlándáil agus an tIdirlíon oscailte domhanda ríthábhachtach d'fheidhmiú an riaracháin phoiblí agus institiúidí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus, ar an iomlán, don tsochaí agus don gheilleagar.

2. Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún, bunaithe ar Airteagal 298 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, feabhas a chur ar leibhéal na cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais trí chreat comhchoiteann a bhunú, agus aird chuí á tabhairt ar neamhspleáchas gach eintitis den Aontas. Is iad seo a leanas, go háirithe, cuspóirí an togra:

   – sainordú agus cistiú CERT-EU a neartú (foireann práinnfhreagartha ríomhaire idirinstitiúideach neamhspleách le haghaidh eintitis an Aontais);

   – struchtúr idirinstitiúideach a bhunú (Bord Idirinstitiúideach Cibearshlándála – IICB), trína dtabharfar le chéile ionadaithe eintiteas uile den Aontas chun cur chun feidhme cuí an Rialacháin a áirithiú;

   – an oibleagáid a thabhairt isteach, atá ar eintitis an Aontais faisnéis (neamh-rúnaicmithe), maidir le teagmhais, a chomhroinnt le CERT-EU, agus bagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais shuntasacha a thuairisciú; agus

   – comhordú agus comhar a chur chun cinn mar fhreagairt ar theagmhais shuntasacha.

3. Cheap Parlaimint na hEorpa Henna Virkkunen (EPP) mar rapóirtéir ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, atá freagrach as an ábhar. Foilsíodh an dréacht-tuarascáil an 7 Deireadh Fómhair 2022.

4. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim an 17 Bealtaine 2022[3].

[2] 6722/21.
[3] 9252/22.

5. Sa Chomhairle, tosaíodh ar an togra a scrúdú sa Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna (HWPCI) le linn Uachtaránacht na Fraince an 29 Márta 2022. D'ullmhaigh Uachtaránacht na Fraince an chéad téacs comhréitigh, a pléadh in HWPCI i mí an Mheithimh 2022, agus chuir sí tuarascáil ar dhul chun cinn[4] faoi bhráid na Comhairle an 21 Meitheamh 2022.

6. Le linn Uachtaránacht na Seicia, thiomnaigh HWPCI ocht gcruinniú[5] don phlé maidir leis an togra agus maidir le téacsanna éagsúla comhréitigh i ndiaidh a chéile.

7. An 23 Bealtaine 2022, d'iarr an Uachtaránacht tuairim ó Choiste Slándála na Comhairle (CSC) maidir leis na gnéithe den togra a bhaineann le slándáil faisnéise agus go háirithe le faisnéis rúnaicmithe. Thug CSC a thuairim uaidh an 19 Meán Fómhair 2022[6]. Mar a mhol CSC, déantar Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais a eisiaimh go sainráite ó raon feidhme an Rialacháin. Rinneadh na forálacha a bhaineann le díolúintí ó oibleagáidí na comhroinnte agus an tuairiscithe a bhaineann le faisnéis a fhaightear ó lasmuigh d'eintitis an Aontais a mhodhnú dá réir sin.

8. An 28 Deireadh Fómhair 2022, tháinig HWPCI ar chomhaontú maidir leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

---

[4] 9719/22.

[5] an 6 agus an 20 Iúil, an 13, 21 agus 28 Meán Fómhair, an 5, 19 agus 28 Deireadh Fómhair 2022.

[6] 12603/22 + COR 1.

## NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

9. Ba dhíol sásaimh do Ballstáit an togra toisc é a bheith tráthúil agus comhlántach leis an Treoir a bheidh ann amach anseo maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais (Treoir 'NIS 2') agus thacaigh siad le cuspóirí ginearálta an togra. D'iarr naBallstáit, áfach, go ndéanfaí tuilleadh ailínithe le 'NIS 2', tuilleadh cómhalartachta sa mhalartú faisnéise idir eintitis an Aontais agus na Ballstáit, agus tharraing siad aird ar chineál iomarcach deonach cuid de na bearta atá beartaithe. D'iarr na Ballstáit freisin go scriosfaí na tagairtí don Chibearaonad Comhpháirteach, nach bhfuil a shainordú agus a chomhdhéanamh sainithe go fóill.

10. Bunaithe ar an bplé a rinneadh in HWPCI, is iad seo a leanas mar na príomh- shaincheisteanna polaitiúla a sainaithníodh:

**a) Ailíniú leis an Treoir 'NIS 2' a bheidh ann amach anseo**

Arna iarraidh sin do na Ballstáit, rinneadh tuilleadh ailínithe leis an Treoir 'NIS 2' a bheidh ann amach anseo, i.a:

– rinneadh roinnt sainmhínithe (Airteagal 3) a ailíniú leis na sainmhínithe in 'NIS 2';

– cuireadh Airteagal 7a nua isteach maidir le hathbhreithnithe piaraí deonacha, i gcomhréir le 'NIS 2', arna oiriúnú do riachtanais eintitis an Aontais;

– rinneadh oibleagáidí an tuairiscithe in Airteagal 20 a ailíniú leis na hoibleagáidí atá in 'NIS 2'.

**b) Comhdhéanamh an Bhoird Idirinstitiúidigh um Chibearshlándáil (IICB)** (Airteagal 9)

Tar éis plé a dhéanamh ar rannpháirtíocht iomchuí ionadaithe na mBallstát in obair IICB, thángthas ar chomhréiteach trí bhíthin ráiteas ón gComhairle leis na miontuairiscí.

c) **Neamhspleáchas institiúideach**

Thángthas ar chur chuige cothrom idir thoil na mBallstát sásraí comhlíonta a neartú agus an gá atá le prionsabal an neamhspleáchais institiúidigh a urramú, go háirithe maidir le hiniúchtaí agus bearta araíonachta (Airteagal 11).

Ar deireadh, rinneadh an tagairt do chéatadán áirithe de bhuiséad TF atá tiomnaithe don chibearshlándáil a bhaint ó aithris 8.

**<u>CONCLÚID</u>**

11. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an téacs comhréitigh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, a fhormheas, a bheidh mar shainordú ansin don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa;

(b) a iarraidh ar an gComhairle an téacs comhréitigh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, a fhormheas ag an seisiún a bheidh aici an 18 Samhain 2022, agus an ráiteas ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo a chur isteach sna miontuairiscí.

**IARSCRÍBHINN**

2022/0085 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 298 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa ré dhigiteach, is bunchloch í an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide i riarachán oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách an Aontais. De bharr shíorathrú na teicneolaíochta agus castacht agus idirnascthacht mhéadaithe na gcóras digiteach, cuirtear leis na rioscaí cibearshlándála sa chaoi go bhfuil riarachán an Aontais níos leochailí i gcoinne cibearbhagairtí agus cibeartheagmhas, rud a chruthaíonn bagairtí i ndeireadh na dála do leanúnachas gnó an riaracháin agus don acmhainneacht atá aige a sonraí a choinneáil slán. Cé gur bunghnéithe sa lá atá inniu ann de gach gníomhaíocht de chuid eintitis riaracháin an Aontais iad úsáid mhéadaithe néalseirbhísí, úsáid uileláithreach TF, ardleibhéal digitithe, an chianobair agus síorathrú na teicneolaíochta agus na hidirnascachta, níl an athléimneacht dhigiteach ionsuite ar bhealach leordhóthanach.

(2) Bíonn timpeallacht na gcibearbhagairtí atá roimh **eintitis** [...] an Aontais ag athrú de shíor. Bíonn na taicticí, na teicnící agus na próisis a úsáideann na gníomhaithe bagartha ag athrú de shíor cé nach n-athraíonn na príomh-bhunchúiseanna atá leis na hionsaithe sin mórán, ó fhaisnéis neamhnochta luachmhar a ghoid go hairgead a fháil, mí-ionramháil a dhéanamh ar thuairim an phobail nó an bonn a bhaint de bhonneagar digiteach. Déanann siad a gcibirionsaithe ar luas atá ag méadú de shíor, agus tá a bhfeachtais ag éirí níos sofaisticiúla agus níos uathoibríche, feachtais lena ndírítear ar raoin ionsaithe nochta atá ag síormhéadú agus lena ndúshaothraítear leochaileachtaí go tapa.

(3) Tá timpeallachtaí TF [...] **eintitis** an Aontais spleách ar a chéile, tá sreabha sonraí comhtháite acu agus oibríonn a n-úsáideoirí i ndlúthchomhair le chéile. De bharr na hidirnascachta sin d'fhéadfadh éifeachtaí cascáideacha níos leithne a bheith ag aon suaitheadh fiú nuair a bhaineann sé le **heintiteas** amháin de chuid an [...]Aontais i dtús báire, éifeachtaí a bhféadfadh tionchair dhiúltacha fhorleathana agus fhadmharthanacha a bheith acu ar na cinn eile. Ina theannta sin, tá timpeallachtaí TF [...] **eintiteas** áirithe **den Aontas** nasctha le timpeallachtaí TF na mBallstát arb é an toradh atá air gur riosca é teagmhas in eintiteas amháin den Aontas do chibearshlándáil thimpeallachtaí TF na mBallstát agus vice versa. **Thairis sin, láimhseálann eintitis den Aontas méideanna móra faisnéise ar minic i a bheith íogair, ó na Ballstáit agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh teagmhais cur isteach ar na Ballstáit chomh maith. Ar an gcúis sin, tá cibearshlándáil eintitis an Aontais ríthábhachtach do na Ballstáit chomh maith. Le faisnéis teagmhas-sonrach, d'fhéadfaí aimsiú cibearbhagairtí comhchosúla nó teagmhais chomhchosúla, lena ndéantar difear do na Ballstáit, a éascú freisin.**

(4) Is spriocanna tarraingteacha iad **eintitis** [...] an Aontais a thugann aghaidh ar ghníomhaithe bagartha a bhfuil ardscileanna agus neart acmhainní acu agus ar bhagairtí eile chomh maith. An tráth céanna, tá éagsúlachtaí móra i measc na n-eintiteas sin maidir le leibhéal agus aibíocht na cibear-athléimneachta agus an cumas atá acu cibirghníomhaíochtaí mailíseacha a bhrath agus freagairt dóibh. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach le haghaidh fheidhmiú an riaracháin Eorpaigh go mbainfidh eintitis an Aontais [...] ardleibhéal cibearshlándála coiteann amach trí **bhearta cibearshlándála** a chur chun feidhme, [...] trí mhalartú faisnéise agus trí chomhar a dhéanamh.

(5) An Treoir [togra NIS 2] maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais, tá sé d'aidhm aici feabhas breise a chur ar acmhainneachtaí athléimneachta cibearshlándála agus freagartha do teagmhais na n-eintiteas poiblí agus príobháideach, na n-údarás náisiúnta inniúil, na gcomhlachtaí náisiúnta inniúla agus an Aontais ina iomláine chomh maith. Dá bhrí sin is gá d'**eintitis** [...] an Aontais déanamh amhlaidh trí rialacha a áirithiú atá comhsheasmhach leis an Treoir [togra NIS 2] agus a bhfuil an leibhéal uaillmhéine céanna acu.

(6) Chun ardleibhéal cibearshlándála coiteann a bhaint amach, is gá do gach **eintiteas** [...] den Aontas creat inmheánach bainistíochta rioscaí, rialachais agus rialaithe cibearshlándála a bhunú lena n-áiritheofar bainistíocht éifeachtach stuama ar gach riosca cibearshlándála [...]. **Leis an gcreat, ba cheart beartais chibearshlándála a leagan síos, lena n-áirítear nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart cibearshlándála a chuirtear chun feidhme. Ba cheart an creat a bheith bunaithe ar chur chuige uileghuaise, darb aidhm córais gréasán agus faisnéise agus timpeallacht fhisiciúil na gcóras sin a chosaint ar theagmhais amhail goid, dóiteán, tuilte, teipeanna teileachumarsáide nó cumhachta, nó rochtain fhisiciúil neamhúdaraithe ar shaoráidí faisnéise agus próiseála faisnéise eintitis den Aontas agus damáiste do na saoráidí sin agus cur isteach orthu, a d'fhéadfadh cur isteach ar infhaighteacht, ar bharántúlacht, ar shláine nó ar rúndacht sonraí a stóráiltear, a tharchuirtear, a phróiseáiltear nó a bhfuil rochtain orthu trí chórais gréasán agus faisnéise. Ba cheart torthaí na hanailíse riosca a léiriú sa chreat, agus na rioscaí ábhartha teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla go léir do chibearshlándáil an eintitis den Aontas lena mbaineann á gcur san áireamh.**

**(6a) Chun na rioscaí a shainaithnítear faoin gcreat a bhainistiú, ba cheart do gach eintiteas den Aontas a áirithiú go ndéanfar bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach. Ba cheart dóibh sin aghaidh a thabhairt ar na réimsí, lena n-áirítear bearta cibearshlándála a leagtar amach sa Rialachán seo chun cibearshlándáil gach eintitis den Aontas a neartú.**

**(6b) Ba cheart na sócmhainní agus na rioscaí arna sainaithint sa chreat mar aon leis na conclúidí a dhíorthaítear ó mheasúnuithe rialta aibíochta a léiriú i bplean cibearshlándála a bhunóidh gach eintiteas den Aontas. Ba cheart a áireamh sa phlean cibearshlándála na bearta cibearshlándála arna nglacadh, agus é mar aidhm cibearshlándáil fhoriomlán an eintitis den Aontas lena mbaineann a mhéadú.**

**(6c) Ós rud é gur próiseas leanúnach é an chibearshlándáil a áirithiú, ba cheart oiriúnacht agus éifeachtacht na mbeart uile a athbhreithniú go rialta i bhfianaise rioscaí, sócmhainní agus aibíocht athraitheach eintitis an Aontais. Ba cheart an creat a athbhreithniú ar bhonn rialta agus gach trí bliana ar a laghad, agus ba cheart an plean cibearshlándála a athbhreithniú gach dhá bhliain ar a laghad nó tar éis gach measúnaithe aibíochta nó gach athbhreithnithe a dhéantar ar an gcreat.**

**(6d) Ba cheart d'eintitis an Aontais faisnéis ábhartha a mhalartú ar bhonn rialta, lena n-áirítear maidir le teagmhais agus cibearbhagairtí ábhartha, agus rúndacht agus cosaint iomchuí na faisnéise arna soláthar ag eintiteas tuairiscithe an Aontais á háirithiú ag an am céanna.**

**(6e) Ba cheart sásra a chur chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfaidh eintitis an Aontais faisnéis a mhalartú go éifeachtach, agus go mbeidh comhordú agus comhar éifeachtach idir na heintitis sin, i gcás mórtheagmhas, lena n-áirítear sainaithint shoiléir ar róil agus ar fhreagrachtaí eintitis an Aontais lena mbaineann. Ba cheart don phointe teagmhála ainmnithe do EU-CyCLONe an fhaisnéis a mhalartaítear a chur san áireamh, agus faisnéis ábhartha á roinnt le EU-CyCLONe mar rannchuidiú leis an bhfeasacht staide chomhroinnte.**

(7) De bharr na n-éagsúlachtaí idir **eintitis** [...] den Aontas tá gá le solúbthacht sa chur chun feidhme mar ní oirfidh an cur chuige céanna do gach eintiteas. Níor cheart aon oibleagáid a áireamh sna bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann lena gcuirfear isteach go díreach ar fheidhmiú mhisin **eintiteas** [...] den Aontas nó lena gcúngófar ar a neamhspleáchas institiúideach. Dá bhrí sin, ba cheart do na **heintitis** sin [...] **den Aontas** a gcreataí féin bainistíochta rioscaí, rialachais agus rialaithe cibearshlándála **agus a bpleananna cibearshlándála a bhunú** agus [...] **bearta** cibearshlándála [...] a ghlacadh. **Agus bearta den sórt sin á gcur chun feidhme, ba cheart aird chuí a thabhairt ar shineirgí atá ann idir eintitis den Aontas, agus é mar aidhm acmhainní a bhainistiú go cuí agus costais a optamú. Ba cheart aird chuí a thabhairt freisin nach gcuireann na bearta isteach ar mhalartú éifeachtúil faisnéise ná ar oibríochtaí eintiteas den Aontas le heintitis eile den Aontas agus le húdaráis inniúla náisiúnta.**

(8) Ionas nach gcuirfear ualach airgeadais ná riaracháin díréireach ar **eintitis** [...] an Aontais, ba cheart na ceanglais bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil a bheith i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an líonra agus leis an gcóras faisnéise lena mbaineann, agus úrscothacht na mbeart sin á cur san áireamh. Ba cheart do gach **eintiteas** [...] den Aontas díriú ar chéatadán leordhóthanach dá mbuiséad TF a leithdháileadh chun feabhas a chur ar a leibhéal cibearshlándála [...]. **Ba cheart a mheas sa mheasúnú aibíochta freisin an bhfuil caiteachas cibearshlándála eintiteas an Aontais comhréireach leis na rioscaí atá roimhe amach.**

(9) Chun ardleibhéal cibearshlándála coiteann a bhaint amach, ní mór an chibearshlándáil a chur faoi fhormhaoirseacht an leibhéil bainistíochta is airde de gach **eintiteas** [...] den Aontas. [...] **Ba cheart don leibhéal bainistíochta is airde an fhormhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear creat an bhainistithe riosca, an rialachais agus an rialaithe, agus na pleananna cibearshlándála, a bhunú lena gcuimseofar bearta cibearshlándála.** Is cuid lárnach de **chreat** cibearshlándála [...] é i ngach **eintiteas** [...] den Aontas aghaidh a thabhairt ar an gcultúr cibearshlándála i.e. cleachtas laethúil na cibearshlándála.

(10) [...][...] Ba cheart do bhearta **cibearshlándála** a bheith ina gcuid den **phlean** [...] cibearshlándála agus ba cheart sonrú breise a dhéanamh orthu sna treoirdhoiciméid nó sna moltaí arna n-eisiúint ag CERT-EU. Agus bearta agus treoirlínte á sainiú, ba cheart an aird chuí a thabhairt ar **úrscothacht agus, i gcás inarb infheidhme, caighdeáin ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta, mar aon le** reachtaíocht agus beartais ábhartha an Aontais, lena n-áirítear measúnuithe riosca agus moltaí arna n-eisiúint ag an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, amhail measúnú riosca comhordaithe an Aontais agus bosca uirlisí an Aontais le haghaidh cibearshlándáil 5G. Ina theannta sin, maidir le táirgí, seirbhísí agus próisis ábhartha TF d'fhéadfaí iad a chur faoi cheangal deimhniúcháin faoi scéimeanna sonracha an Aontais um dheimhniú cibearshlándála a ghlacadh de bhun Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2019/881. **I gcás inarb iomchuí, ba cheart do CERT-EU comhoibriú le ENISA.**

(11) I mí Bealtaine 2011, chinn Ardrúnaithe institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais foireann a bhunú chun réamhchumraíocht a dhéanamh ar fhoireann phráinnfhreagartha ríomhaire le haghaidh institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU) arna maoirsiú ag Bord Stiúrtha idirinstitiúideach. I mí Iúil 2012, dheimhnigh na hArdrúnaithe na socruithe praiticiúla agus thoiligh siad le CERT-EU a choinneáil ina eintiteas buan chun leanúint de chúnamh a thabhairt chun feabhas a chur ar leibhéal foriomlán slándála teicneolaíochta faisnéise institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais mar eiseamláir de chomhar idirinstitiúideach sofheicthe i dtaobh na cibearshlándála. I mí Meán Fómhair 2012, bunaíodh CERT-EU ina Thascfhórsa de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus sainordú idirinstitiúideach aige. I mí na Nollag 2017, thug institiúidí agus comhlachtaí an Aontais socrú idirinstitiúideach i gcrích maidir le heagrú agus oibriú CERT-EU[7]. Leis an [...] **Rialachán** seo, ba cheart [...] **tacar cuimsitheach rialacha a sholáthar maidir le heagrú, feidhmiú agus oibriú CERT-EU. Tá forlámhas ag forálacha an Rialacháin seo ar fhorálacha an tsocraithe idirinstitiúidigh maidir le heagrú agus oibriú CERT-EU a tugadh i gcrích i mí na Nollag 2017**.

[...]

[7] IO C 12, 13.1.2018, lch. 1-11.

(13) I gcás go leor cibearionsaithe, is codanna iad d'fheachtais níos leithne atá dírithe ar ghrúpaí d'**eintitis** [...] an Aontais nó ar phobail leasmhara lena gcuimsítear **eintitis** [...] an Aontais. Chun brath réamhghníomhach, freagairt do theagmhais nó bearta maolaitheacha a chumasú, ba cheart d'**eintitis** [...] an Aontais fógra a thabhairt do CERT-EU faoi [...] chibearbhagairtí, [...] leochaileachtaí, neasteagmhais agus [...] teagmhais agus mionsonraí teicniúla iomchuí a chomhroinnt lena gcumasófar cibearbhagairtí, **leochaileachtaí, neasteagmhais agus** teagmhais dá samhail in **eintitis** eile [...] den Aontas a bhrath nó a mhaolú agus freagairt dóibh chomh maith. I gcomhréir leis an gcur chuige a bheartaítear le Treoir [togra NIS 2], i gcás ina dtagann eintitis **an Aontais** ar an eolas faoi theagmhas suntasach, ba cheart é a bheith de cheangal orthu [...] **luathrabhadh** a chur isteach chuig CERT-EU laistigh de 24 uair an chloig. Leis an malartú faisnéise sin, ba cheart go gcuirfí ar a chumas do CERT-EU an fhaisnéis a scaipeadh chuig **eintitis** eile [...] an Aontais, agus chuig contrapháirtithe iomchuí chomh maith, chun cuidiú le timpeallachtaí TF an Aontais agus timpeallachtaí TF chontrapháirtithe an Aontais a chosaint in aghaidh teagmhais dá samhail [...].

**(13a) Leis an Rialachán seo, leagtar síos cur chuige ilchéime i leith tuairisciú teagmhas suntasach chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, tuairisciú mear atá ina chuidiú le scaipeadh féideartha teagmhas suntasach a mhaolú agus lena gceadaítear d'eintitis an Aontais cúnamh a iarraidh, agus, ar an taobh eile, tuairisciú domhain lena mbaintear ceachtanna luachmhara as teagmhais aonair agus lena gcuirtear feabhas, thar thréimhse ama, ar chibearathléimneacht eintiteas aonair den Aontas. I ndáil leis sin, ba cheart a áireamh sa Rialachán seo tuairisciú teagmhas a d'fhéadfadh, bunaithe ar mheasúnú tosaigh arna dhéanamh ag an eintiteas den Aontas, mórshuaitheadh oibríochtúil a chruthú d'fheidhmiú an eintitis den Aontas nó caillteanas airgeadais don eintiteas den Aontas lena mbaineann nó difear a dhéanamh do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile trí dhamáiste suntasach ábhartha nó neamhábhartha a dhéanamh. Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú tosaigh sin, inter alia, na córais gréasán agus faisnéise a ndéantar difear dóibh, go háirithe a thábhachtaí atá siad d'fheidhmiú eintiteas an Aontais, déine agus saintréithe teicniúla cibearbhagairte agus aon leochaileachtaí bunúsacha atá á saothrú chomh maith le taithí eintiteas an Aontais ar theagmhais dá samhail. Chun a shainaithint an bhfuil an suaitheadh oibríochtúil tromchúiseach, d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith acu táscairí amhail a mhéid a dhéantar difear d'fheidhmiú an eintitis den Aontas, ré an teagmhais nó líon na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha a ndéantar difear dóibh.**

**(13b) Ós rud é gurb idirnasctha iad bonneagar agus gréasáin an eintitis ábhartha den Aontas agus an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas sin den Aontas lonnaithe, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear an Ballstát sin ar an eolas gan moill mhíchuí faoi theagmhas suntasach laistigh den eintiteas sin den Aontas. Chun na críche sin, ba cheart don eintiteas den Aontas dá ndéantar difear fógra a thabhairt do chontrapháirtí náisiúnta CERT-EU, arna ainmniú ag an mBallstát i gcomhréir leis an Treoir [togra NIS 2], san amlíne chéanna ar dá réir ba cheart dó teagmhas suntasach a thuairisciú do CERT-EU. Ba cheart do CERT-EU fógra a thabhairt don chontrapháirtí náisiúnta sin freisin nuair a bhíonn sé ar an eolas faoi theagmhas suntasach laistigh den Bhallstát, mura rud é go ndearna an t-eintiteas den Aontas dá ndéantar difear é a thuairisciú cheana.**

(14) De bhreis ar níos mó cúraimí a thabhairt do CERT-EU agus a ról a leathnú ba cheart Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil a bhunú, ar cheart, **chun ardleibhéal cibearshlándála coiteann a éascú i measc eintitis an Aontais**, **ról eisiach a bheith aige** [...] **chun** faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo ag **eintitis** [...] an Aontais agus [...] **chun** maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme tosaíochtaí agus cuspóirí ginearálta ag CERT-EU agus trí stiúradh straitéiseach a chur ar fáil do CERT-EU. **Dá bhrí sin**, ba cheart do IICB ionadaíocht na n-institiúidí a áirithiú agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí a chuimsiú trí Líonra Ghníomhaireachtaí an Aontais. **Ba cheart eagrú agus feidhmiú IICB a rialáil tuilleadh lena rialacha inmheánacha nósanna imeachta lena bhféadfaí sonrú breise a dhéanamh ar chruinnithe rialta IICB, lena n-áirítear cruinnithe bliantúla den leibhéal polaitiúil ina bhféadfadh ionadaithe ón leibhéal bainistíochta is airde de gach comhalta de IICB plé straitéiseach a thionól do IICB agus treoir straitéiseach a chur ar fáil do IICB. Ina theannta sin, féadfaidh IICB Coiste Feidhmiúcháin a bhunú chun cabhrú lena chuid oibre agus chun roinnt dá chúraimí agus dá chumhachtaí a tharmligean chuige, go háirithe maidir le cúraimí lena n-éilítear [...] saineolas sonrach a chomhaltaí, mar shampla an chatalóg seirbhíse, agus aon nuashonrú a dhéanfaí air ina dhiaidh sin, a fhormheas, módúlachtaí le haghaidh comhaontuithe leibhéil seirbhíse, measúnuithe ar dhoiciméid agus tuarascálacha arna dtíolacadh ag eintitis an Aontais chuig IICB de réir an Rialacháin seo nó cúraimí a bhaineann le cinntí a ullmhú maidir le bearta comhlíonta arna n-eisiúint ag IICB agus maidir le faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Ba cheart don Bhord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil rialacha nós imeachta an Choiste Feidhmiúcháin a leagan síos, lena n-áirítear a chúraimí agus a chumhachtaí.**

(15) Ba cheart do CERT-EU tacú le cur chun feidhme bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann trí thograí i gcomhair treoirdhoiciméad nó moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird Idirinstitiúidigh um Chibearshlándáil nó trí ghlaonna ar ghníomhaíocht a eisiúint. Ba cheart don Bhord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil na treoirdhoiciméid agus na moltaí sin a fhormheas. Nuair is gá, ba cheart do CERT-EU glaonna ar ghníomhaíocht a eisiúint lena dtabharfar tuairisc ar bhearta slándála práinneacha a dtathantófar ar **eintitis** [...] an Aontais iad a chur i gcrích laistigh de thréimhse shocraithe. **Féadfaidh an Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil treoir a thabhairt do CERT-EU togra maidir le treoirdhoiciméid, nó moltaí, nó éileamh ar ghníomhaíocht a eisiúint, a tharraingt siar nó a mhodhnú.**

(16) Ba cheart don Bhord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo agus ar an obair leantach i dtaobh na dtreoirdhoiciméad, na moltaí agus na n-éileamh ar ghníomhaíocht [...]. Ba cheart do ghrúpaí comhairleacha teicniúla, grúpaí a chinnfidh an Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil a mballraíocht, tacaíocht maidir le cúrsaí teicniúla a thabhairt don Bhord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil agus ba cheart dóibh oibriú i ndlúthchomhar le CERT-EU, le **heintitis** [...] an Aontais agus le páirtithe leasmhara eile de réir mar is gá. [...] **I gcás ina gcinnfidh an Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil nár chuir eintitis an Aontais an Rialachán seo i bhfeidhm, lena n-áirítear na treoirdhoiciméid, na moltaí nó na glaonna ar ghníomhaíocht arna n-eisiúint faoin Rialachán seo, féadfaidh sé, gan dochar do nósanna imeachta inmheánacha an eintitis ábhartha den Aontas, leanúint de bhearta comhlíonta. Ba cheart córas na mbeart comhlíonta a úsáid sa chaoi is go méadaítear de réir a chéile ar a dhéine atá siad, rud a chiallaíonn, nuair a ghlacann IICB na bearta comhlíonta, gur cheart dó tús a chur le rabhadh mar an beart is lú déine agus, más gá, géarú an bealach ar fad chun an beart is déine a dhéanamh, is é sin, moladh a eisiúint lena moltar go ndéantar sreabha sonraí chuig an eintiteas den Aontas lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach, a chuirfí i bhfeidhm i gcásanna eisceachtúla ina mbeadh neamhchomhlíonadh fadtéarmach, d'aon ghnó agus/nó tromchúiseach déanta ag an eintiteas lena mbaineann maidir lena oibleagáid faoin Rialachán seo.**

**(16a) Is ionann an rabhadh agus an beart comhlíontachta is éadroime lena dtugtar aghaidh ar na heasnaimh shainaitheanta atá ag an eintiteas den Aontas agus ina gcuimsítear moltaí chun a dhoiciméid chibearshlándála a leasú, laistigh de thréimhse shonraithe. Ba cheart an rabhadh a bheith ar fáil do na heintitis uile den Aontas, ach amháin má chuirtear srian iomchuí air i gcomhréir leis an Rialachán seo.**

**(16b) Féadfaidh an Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil (IICB) a mholadh freisin go ndéanfaí iniúchóireacht ar eintiteas den Aontas. Féadfaidh an t-eintiteas den Aontas a fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a úsáid chun na críche sin. D'fhéadfadh IICB a iarraidh freisin go ndéanfadh seirbhís iniúchóireachta tríú páirtí iniúchadh, lena n-áirítear ó sholáthraí seirbhíse earnála príobháidí arna chomhaontú go frithpháirteach.**

**(16c) Ar bhonn thorthaí iniúchta arna déanamh ar mholadh nó ar iarraidh ó IICB, féadfaidh IICB a iarraidh ar an eintiteas den Aontas freisin bainistiú, rialachas agus rialú rioscaí cibearshlándála a chur i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.**

**(16d) Ós rud é go roinneann na Ballstáit faisnéis leis na heintitis ábhartha den Aontas a d'fhéadfadh a bheith de chineál íogair, tá cibearshlándáil sheolaí na faisnéise sin ríthábhachtach do na Ballstáit. Dá bhrí sin, i gcásanna eisceachtúla ina dtarlaíonn neamhchomhlíonadh na hoibleagáide atá ag an eintiteas den Aontas ar bhonn fadtéarmach, toiliúil, atriallach agus/nó tromchúiseach, féadfaidh IICB, mar rogha dheireanach, comhairliúchán a eisiúint do na Ballstáit uile agus do na heintitis uile den Aontas ina moltar go gcuirfí ar fionraí go sealadach sreabha sonraí chuig an eintiteas den Aontas, ar cheart é a bheith i bhfeidhm go dtí go gceartófar staid chibearshlándála an eintitis sin. Ba cheart an comhairliúchán sin a chur in iúl do na Ballstáit uile agus do na heintitis uile den Aontas trí bhealaí cumarsáide slána iomchuí.**

**(16e)** **Chun cur chun feidhme ceart an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do IICB, má mheasann sé gur sháraigh eintiteas den Aontas an Rialachán seo go leanúnach agus go díreach mar gheall ar ghníomhaíochtaí nó neamhghníomh duine dá fhoireann, lena n-áirítear ar an leibhéal bainistíochta is airde, a iarraidh ar an eintiteas den Aontas lena mbaineann bearta iomchuí a dhéanamh i gcoinne an bhaill foirne sin, i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne chomh maith le rialacha coibhéiseacha eile is infheidhme in eintitis áirithe den Aontas. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, mar shampla, imeachtaí araíonachta agus, i gcás inarb iomchuí, i gcás sonrach ghníomhaireachtaí an Aontais, iarraidh ar an údarás inniúil na bearta is gá a dhéanamh maidir leis an duine a d'fhéadfadh a bheith freagrach as sárú leanúnach an Rialacháin seo a chur as oifig.**

(17) Ba cheart é a bheith de mhisean ag CERT-EU rannchuidiú le slándáil thimpeallacht TF gach [...] **eintitis** den Aontas. **Agus breithniú á dhéanamh aige ar cheart nó nár cheart comhairle theicniúil nó ionchur teicniúil a sholáthar maidir le cúrsaí beartais ábhartha arna iarraidh sin d'eintiteas den Aontas, ba cheart do CERT-EU a áirithiú nach gcuirfidh sé sin bac ar chomhlíonadh a chúraimí eile a leagtar síos sa Rialachán seo.**

**(17a)** Ba cheart do CERT-EU gníomhú mar choibhéis an chomhordaitheora ainmnithe d'**eintitis** den Aontas, chun críche nochta comhordaithe na leochaileachtaí don chlárlann Eorpach um leochaileachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir [togra NIS 2] **agus ba cheart dó beartas a fhorbairt maidir le leochaileachtaí a bhainistiú lena gcuimsítear cur chun cinn agus éascú nochtadh comhordaithe deonach na leochaileachtaí.**

[...]

(19) Ba cheart do CERT-EU an ról a chomhlíonadh a thugtar dó le Treoir [togra NIS 2] a bhaineann le comhar agus malartú faisnéise le líonra na bhfoirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna). Thairis sin, i gcomhréir le Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún[8], ba cheart do CERT-EU oibriú i gcomhar leis na geallsealbhóirí maidir leis an bhfreagairt agus comhordú leo ina taobh. Chun rannchuidiú le hardleibhéal cibearshlándála ar fud an Aontais, ba cheart do CERT-EU faisnéis teagmhas-sonrach a chomhroinnt le comhpháirtithe náisiúnta. Ba cheart do CERT-EU oibriú i gcomhar le comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha freisin, lena n-áirítear ag Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, faoi réir formheas a fháil roimh ré ón mBord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil.

[8] Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

(20) Agus CERT-EU ag tacú le cibearshlándáil oibríochtúil ba cheart dó úsáid a bhaint as an saineolas atá ar fáil ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil **(ENISA)** trí chomhar struchtúrtha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. I gcás inarb iomchuí sin, ba cheart socruithe tiomnaithe a leagan síos idir an dá eintiteas chun cur chun feidhme praiticiúil an chomhair sin a shainiú agus an dúbailt gníomhaíochtaí a sheachaint. Ba cheart do CERT-EU oibriú i gcomhar le [...] **ENISA** i dtaobh anailísiú ar bhagairtí agus a thuarascáil maidir le timpeallacht na mbagairtí a chomhroinnt leis an nGníomhaireacht go tráthrialta.

[...][10]

(22) **D'fhéadfadh próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist le gníomhaíochtaí agus láimhseáil faisnéise CERT-EU faoin Rialachán seo.** Ba cheart na sonraí pearsanta uile a phróiseálfar faoin Rialachán seo a phróiseáil i gcomhréir leis an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí lena n-áirítear Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11]. **I gcás ina dtarchuirfear sonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo chuig faighteoirí atá bunaithe san Aontas seachas eintitis den Aontas, ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1725.**

---

9 Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

10 [...]

11 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39)

(23) Maidir le láimhseáil faisnéise ag CERT-EU agus ag [...] na h**eintitis** den Aontas, déanfar í i gcomhréir leis na rialacha **is infheidhme** [...] maidir le slándáil faisnéise [...].[...]

**(23a) Chun críocha faisnéis a chomhroinnt, úsáidtear marcálacha infheicthe chun a léiriú go gcuirfidh faighteoirí na faisnéise teorainneacha comhroinnte i bhfeidhm bunaithe, go háirithe, ar chomhaontuithe neamhnochta, nó ar chomhaontuithe neamhnochta neamhfhoirmiúla amhail an prótacal soilse tráchta nó léirithe soiléire eile ón bhfoinse. Tá an prótacal soilse tráchta le tuiscint mar bhealach chun faisnéis a sholáthar faoi aon teorainneacha i ndáil le faisnéis a scaipeadh a thuilleadh. Úsáidtear é i mbeagnach gach foireann freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna) agus i roinnt ionad anailíse agus comhroinnte faisnéise.**

(24) **Ní bheidh aon éifeacht ag an Rialachán seo ná ag na cúraimí nua a leithdháiltear ar CERT-EU ar an gcaiteachas iomlán faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.** Ós rud é go bhfuil seirbhísí agus cúraimí CERT-EU ar mhaithe le gach [...] **eintiteas** den Aontas, ba cheart do gach [...] **eintiteas** den Aontas a chaitheann airgead ar TF cion cothrom a ranníoc i leith na seirbhísí agus cúraimí sin. Tá na ranníocaíochtaí sin gan dochar do neamhspleáchas buiséadach [...] na h**eintitis** den Aontas. **Ba cheart do na heintitis uile den Aontas agus dá n-údaráis riaracháin barrfheabhsú a n-acmhainní ar an leibhéal reatha a áirithiú agus gnóthachain éifeachtúlachta a neartú lena n-áirítear trí chomhar idirinstitiúideach a dhoimhniú i réimse na cibearshlándála. Dá bhrí sin, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chuige comhpháirteach maidir le caiteachas riaracháin a chomhthiomsú thar chaiteachas aonair eintiteas den Aontas.**

(25) Ba cheart don Bhord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil, le cúnamh ó CERT-EU, athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus ba cheart dó tuarascáil lena thorthaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ag cur leis an ionchur sin, ba cheart don Choimisiún tuairisciú chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. **Thairis sin, iarrtar ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú CERT-EU ar bhonn rialta.**

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## Caibidil I
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

### *Airteagal 1*
### ***Ábhar***

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos **bearta arb é is aidhm dóibh ardleibhéal coiteann cibearshlándála a bhaint amach laistigh d'eintitis den Aontas** [...]

**2. Chuige sin, leagtar síos leis an Rialachán seo:**

(c) oibleagáidí ar **gach [...] eintiteas** den Aontas creat [...] bainistithe rioscaí, rialachais agus rialaithe cibearshlándála a bhunú;

(d) oibleagáidí bainistithe rioscaí**,**[...] tuairiscithe **agus comhroinnte faisnéise** cibearshlándála ar [...] **eintitis** den Aontas;

(e) rialacha maidir le heagrú**, feidhmiú** agus oibriú [...] **na Foirne Práinnfhreagartha Ríomhaire idirinstitiúidí neamhspleáiche** le haghaidh [...] na n-**eintiteas** den Aontas (CERT-EU) agus maidir le heagrú**, feidhmiú** agus oibriú an Bhoird Idirinstitiúidigh um Chibearshlándáil **(IICB)**;

**(f) rialacha a bhaineann le faireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin seo.**

*Airteagal 2*

***Raon feidhme***

1. Baineann an Rialachán seo leis na [...] **heintitis** uile [...] den Aontas agus le [...] [...] CERT-EU agus **IICB**.

**2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar don neamhspleáchas institiúideach de bhun na gConarthaí.**

**3. Cé is moite d'Airteagal 12(7), ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le líonraí agus córais faisnéise a láimhseálann Faisnéis Rúnaicmithe AE (FRAE).**

*Airteagal 3*

***Sainmhínithe***

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn '[...] **eintitis** den Aontas' institiúidí, comhlachtaí, **oifigí** agus gníomhaireachtaí an Aontais arna gcur ar bun leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, nó arna gcur ar bun ar a mbonn;

(2) ciallaíonn 'líonra agus córas faisnéise' líonra agus córas faisnéise **mar a shainmhínítear in** Airteagal 4(1) de Threoir [togra NIS 2];

(3) ciallaíonn 'slándáil líonraí agus córas faisnéise' slándáil córas líonraí agus faisnéise **mar a shainmhínítear in** Airteagal 4(2) de Threoir [togra NIS 2];

(4) ciallaíonn 'cibearshlándáil' cibearshlándáil **mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/881**;

(5) ciallaíonn ‘an leibhéal bainistíochta is airde’ bainisteoir, comhlacht bainistíochta nó comhlacht comhordúcháin agus formhaoirseachta ag an leibhéal riaracháin is sinsearaí **ag a bhfuil cumais cinnteoireachta,** ag cur san áireamh na socruithe rialachais ardleibhéil i ngach **eintiteas** [...] den Aontas;

**(5a) ciallaíonn ‘neasteagmhas’ neasteagmhas mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4a), de Threoir [togra NIS 2];**

(6) ciallaíonn ‘teagmhas’ teagmhas **mar a shainmhínítear in** Airteagal 4(5) de Threoir [togra NIS 2];

[...]

(8) ciallaíonn ‘mór**theagmhas**’ aon teagmhas **is cúis le leibhéal suaite a sháraíonn cumas eintitis den Aontas agus cumas CERT-EU freagairt air nó aon teagmhas a bhfuil tionchar suntasach aige ar dhá eintiteas den Aontas ar a laghad;** [...]

(9) ciallaíonn ‘láimhseáil teagmhas’ láimhseáil teagmhas **mar a shainmhínítear in** Airteagal 4(6) de Threoir [togra NIS 2];

(10) ciallaíonn ‘cibearbhagairt’ cibearbhagairt **mar a shainmhínítear in** Airteagal 2(8) de Rialachán (AE) 2019/881;

[...]

(12) ciallaíonn ‘leochaileacht’ leochaileacht de réir bhrí Airteagal 4(8) de Threoir [togra NIS 2];

[...]

(14) ciallaíonn 'riosca' **riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 4(7b) de Threoir [togra NIS 2]** [...];

[...]

[...]

*Airteagal 31a*

*Sonraí pearsanta a phróiseáil*

**1) Déanfaidh CERT-EU, IICB nó eintitis den Aontas sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Rialachán seo, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.**

**2) Déanfaidh CERT-EU, IICB agus eintitis den Aontas sonraí pearsanta a phróiseáil agus a mhalartú a mhéid is gá agus chun a n-oibleagáidí faoi seach faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus chun na críche sin amháin.**

## Caibidil II

## BEARTA LE hAGHAIDH ARDLEIBHÉAL CIBEARSHLÁNDÁLA COITEANN

*Airteagal 4*

***Bainistiú riosca, rialachas agus rialú***

1. Bunóidh gach [...] **eintiteas** den Aontas a creat [...] bainistithe rioscaí, rialachais agus rialaithe cibearshlándála ('an creat') chun tacú le misean an eintitis [...]. [...] Déanfar formhaoirseacht ar **an gcreat** ag an leibhéal bainistíochta is airde san eintiteas chun bainistíocht éifeachtach stuama ar gach riosca cibearshlándála a áirithiú. Beidh an creat i bhfeidhm faoi … ar a dhéanaí [15 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

2. Sa chreat, cumhdófar timpeallacht TF neamh- rúnaicmithe iomlán [...] an **eintitis den Aontas** lena mbaineann, lena n-áirítear aon timpeallacht TF san áitreabh, líonra teicneolaíochta oibríochtúla, sócmhainní seachfhoinsithe agus seirbhísí i dtimpeallachtaí néalríomhaireachta nó atá á n-óstáil ag tríú páirtithe, gairis mhóibíleacha, líonraí corparáideacha, líonraí gnó nach bhfuil nasctha leis an idirlíon agus aon ghaireas atá nasctha leis an timpeallacht TF. Bunófar an creat **ar chur chuige uileghuaise agus ar mheasúnú aibíochta i gcomhréir le hAirteagal 6 lena gcumhdaítear na rioscaí teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chibearshlándáil an eintitis den Aontas lena mbaineann** [...].

2a. **Leagfar síos sa chreat beartais chibearshlándála, lena n-áirítear cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le slándáil gréasán agus córas faisnéise, agus beartais agus nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart bainistithe riosca cibearshlándála arna gcur chun feidhme agus chun róil agus freagrachtaí na mball foirne a shainiú.**

**2b. Déanfar athbhreithniú ar an gcreat ar bhonn rialta, agus gach trí bliana ar a laghad i bhfianaise rioscaí athraitheacha, sócmhainní agus aibíocht an eintitis den Aontas.**

3. Déanfaidh an leibhéal bainistíochta is airde de gach [...] **eintiteas** den Aontas **formhaoirseacht** [...] ar chomhlíontacht [...] **a** eagraíochta maidir leis na hoibleagáidí a bhaineann le bainistiú riosca, rialachais agus rialaithe cibearshlándála, gan dochar d'fhreagrachtaí foirmiúla na leibhéal eile bainistíochta as comhlíontacht agus bainistiú riosca ina réimsí freagrachta faoi seach.

**3a**. **I gcás inarb iomchuí agus gan dochar dá fhreagracht as cur chun feidhme an Rialacháin seo, féadfaidh an leibhéal bainistíochta is airde de gach eintiteas den Aontas oibleagáid shonrach a tharmligean chuig oifigigh shinsearacha eile laistigh den eintiteas lena mbaineann faoin Rialachán seo. Beag beann ar tharmligean féideartha a oibleagáide sonraí, féadfar an leibhéal bainistíochta is airde a chur faoi dhliteanas i leith neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo ag na heintitis.**

**3b. Áiritheoidh an leibhéal bainistíochta is airde de gach eintiteas den Aontas go bhformheasfaidh na heintitis den Aontas an plean cibearshlándála lena n-áirítear bearta bainistithe riosca cibearshlándála, i gcomhréir lena n-anailís riosca, ionas go gcuirfear an creat chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo.**

[...]

5. Ceapfaidh gach [...] **eintiteas** den Aontas Oifigeach Cibearshlándála Áitiúil, nó feidhm choibhéiseach, a ghníomhóidh ina phointe aonair teagmhála maidir le gach gné den chibearshlándáil.

Éascóidh an tOifigeach Cibearshlándála Áitiúil cur chun feidhme an Rialacháin seo agus tuairisceoidh sé go díreach don leibhéal bainistíochta is airde ar bhonn rialta maidir le staid an chur chun feidhme.

**Gan dochar don Oifigeach Cibearshlándála Áitiúil a bheith ina phointe teagmhála aonair i ngach eintiteas den Aontas, féadfaidh eintiteas den Aontas cúraimí áirithe den Oifigeach Cibearshlándála Áitiúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a tharmligean chuig CERT-EU ar bhonn comhaontú seirbhíse arna thabhairt i gcrích idir an t-eintiteas sin den Aontas agus CERT-EU. Cinnfidh IICB an mbeidh nó nach mbeidh soláthar na seirbhíse sin mar chuid de sheirbhísí bonnlíne CERT-EU, agus acmhainní daonna agus airgeadais an eintitis den Aontas lena mbaineann á gcur san áireamh. Déanfaidh gach eintiteas den Aontas Oifigigh Chibearshlándála Áitiúla arna gceapadh agus aon athrú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin a chur in iúl do CERT-EU gan moill mhíchuí. Coinneoidh CERT-EU an liosta d'Oifigigh Chibearshlándála Áitiúla arna gceapadh a thabharfar cothrom le dáta go rialta.**

**6. Leanfaidh oifigigh shinsearacha de réir bhrí Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne[12] nó oifigigh eile ar chomhchéim de gach eintiteas den Aontas cúrsaí oiliúna sonracha, ar bhonn tráthrialta, chun eolas agus scileanna leordhóthanacha a fháil chun rioscaí agus cleachtais bhainistíochta maidir leis an gcibearshlándáil, chomh maith lena dtionchar ar oibríochtaí na heagraíochta, a thabhairt chun grinnis agus measúnú a dhéanamh orthu.**

[12] **Rialachán Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, IO L 56 an 4 Márta 1968.**

7. **Beidh sásraí éifeachtacha i bhfeidhm ag gach eintiteas den Aontas chun a áirithiú go gcaithfear céatadán leordhóthanach dá mbuiséad TF ar an gcibearshlándáil. Tabharfar aird chuí ar an gcreat agus an céatadán sin á shainiú.**

*Airteagal 5*

***Bearta bainistithe riosca** cibearshlándála* [...]

1. [...] **Áiritheoidh gach eintiteas den Aontas, faoi fhormhaoirseacht** an leibhéil bainistíochta is airde **atá aige** [...] [...] **go ndéanfar bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach chun na rioscaí arna sainaithint faoin gcreat dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a bhainistiú, agus chun tionchar teagmhas a chosc agus/nó a íoslaghdú. Ag féachaint do na caighdeáin úrscothacha agus, i gcás inarb infheidhme, do chaighdeáin ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta, chomh maith le costas an chur chun feidhme, áiritheofar leis na bearta sin leibhéal slándála do chórais gréasán agus faisnéise is iomchuí do na rioscaí a bhaineann leo. Agus measúnú á dhéanamh ar chomhréireacht na mbeart sin, tabharfar aird chuí ar a mhéid atá an t-eintiteas neamhchosanta ar rioscaí, ar a mhéid, ar an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais agus ar a thromchúisí a bheidís, lena n-áirítear a dtionchar sochaíoch agus eacnamaíoch.**

[...]

**3. Tabharfaidh [...] eintitis den Aontas aghaidh ar na réimsí sonracha seo a leanas ar a laghad agus na bearta bainistithe riosca cibearshlándála á gcur chun feidhme acu ina bpleananna cibearshlándála, i gcomhréir leis na treoirdhoiciméid agus na moltaí ón IICB:**

**(a) an beartas cibearshlándála, i dtéarmaí sonrú na n-uirlisí agus na mbeart is gá chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5(4) a bhaint amach;**

**(b) beartais maidir le hanailís riosca agus slándáil na gcóras faisnéise;**

**(c) an chibearshlándáil a eagrú, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí a shainmhíniú;**

**(d) bainistíocht sócmhainní, lena n-áirítear fardal sócmhainní TF agus logaimsiú líonra TF;**

**(e) slándáil na n-acmhainní daonna agus rialú rochtana;**

**(f) slándáil oibríochtaí;**

**(g) slándáil chumarsáide;**

**(h) éadáil, forbairt agus cothabháil an chórais, lena n-áirítear láimhseáil agus nochtadh leochaileachta;**

**(i) slándáil an tslabhra soláthair lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le slándáil maidir leis an gcaidreamh idir gach eintiteas den Aontas agus a sholáthraithe díreacha nó a sholáthraí seirbhíse. Cuirfidh eintitis den Aontas san áireamh na leochaileachtaí a bhaineann go sonrach le gach soláthróir díreach agus soláthraí seirbhíse agus cáilíocht fhoriomlán táirgí agus cleachtais chibearshlándála a soláthróirí agus a soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear a nósanna imeachta slána um fhorbairt;**

**(j) láimhseáil teagmhas agus comhar le CERT-EU, amhail faireachán slándála agus lománaíocht a chothabháil;**

**(k) bainistiú leanúnachais gnó, amhail bainistiú cúltaca agus téarnamh ó thubaiste, agus bainistiú géarchéime; agus**

**(l) cláir oideachais, scileanna, múscailte feasachta, cleachtais agus oiliúna i réimse na cibearshlándála a chur chun cinn agus a fhorbairt.**

**4. Tabharfaidh eintitis den Aontas aghaidh ar na bearta bainistithe riosca cibearshlándála sonracha seo a leanas ar a laghad agus na bearta bainistithe riosca cibearshlándála á gcur chun feidhme acu ina bpleananna cibearshlándála, i gcomhréir leis na treoirdhoiciméid agus na moltaí ón IICB:**

**a) cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le húsáid seirbhísí néalríomhaireachta (de réir bhrí Airteagal 4(19) de Threoir [togra NIS 2] agus socruithe teicniúla chun teilea-obair a chumasú;**

**b) céimeanna coincréiteacha le haghaidh phrionsabail na Muiníne Nialasaí, lena n-áirítear samhail slándála agus straitéis chomhordaithe chibearshlándála agus bhainistithe córas atá bunaithe ar an dtuiscint gurb ann do bhagairtí lasmuigh de theorainneacha traidisiúnta líonra chomh maith le laistigh díobh;**

**c) fíordheimhniú ilchéime a ghlacadh mar ghnáthchleachtas i ngach córas líonra agus faisnéise;**

**d) slabhra soláthair bogearraí slán a bhunú trí chritéir chun bogearraí a fhorbairt agus a mheas ar bhealach slán;**

**e) feabhas a chur ar rialacha soláthair chun ardleibhéal cibearshlándála coiteann a éascú trí na nithe seo a leanas:**

**i) deireadh a chur le bacainní conarthacha lena gcuirtear srian le malartú faisnéise ag soláthraithe seirbhísí TF faoi theagmhais, leochaileachtaí agus cibearbhagairtí le CERT-EU;**

ii) **oibleagáid chonarthach chun teagmhais, leochaileachtaí agus cibearbhagairtí a thuairisciú agus chun freagairt iomchuí do theagmhais agus faireachán iomchuí ar teagmhais a bheith i bhfeidhm;**

f) **cripteagrafaíocht agus criptiú a úsáid, agus go háirithe criptiú ó cheann go ceann;**

g) **córais chumarsáide shlána laistigh den eagraíocht.**

*Airteagal 6*

***Measúnuithe aibíochta***

1. Déanfaidh gach [...] **eintiteas** den Aontas**, i gcás inarb iomchuí agus le cúnamh ó thríú páirtí speisialaithe,** measúnú aibíochta [...] gach 3 bliana ar a laghad, lena n-ionchorprófar gach gné dá dtimpeallacht TF mar a thuairiscítear in Airteagal 4, agus na treoirdhoiciméid agus na moltaí ábhartha a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 13 á gcur san áireamh.

2. **Déanfaidh IICB, ar mholadh ó CERT-EU agus tar éis dul i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), treoirlínte modheolaíochta a ghlacadh, laistigh de 4 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, maidir le measúnuithe aibíochta a dhéanamh.**

3. **Ar thabhairt chun críche an mheasúnaithe aibíochta** [...]**, cuirfidh an t-eintiteas den Aontas é faoi bhráid IICB. Déanfar an chéad mheasúnú aibíochta [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí.**

*Airteagal 7*

***Pleananna cibearshlándála***

**1.** Ag eascairt as na conclúidí ón measúnú aibíochta agus ag cur san áireamh na sócmhainní agus na rioscaí arna sainaithint de bhun Airteagal 4, déanfaidh an leibhéal bainistíochta is airde de gach [...] **eintiteas** den Aontas plean cibearshlándála a fhormheas gan moill mhíchuí tar éis [...] bhunú an chreata **l** agus **ghlacadh** [...] **na mbeart bainistithe riosca** [...] **agus tar éis measúnuithe aibíochta a dhéanamh tráth nach déanaí ná 21 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo**. Beidh sé d'aidhm ag an bplean **cibearshlándála** cibearshlándáil fhoriomlán an eintitis **den Aontas lena mbaineann** a mhéadú agus dá bhrí sin beidh sé ina rannchuidiú le feabhas a chur ar an ardleibhéal cibearshlándála coiteann i measc na **n-eintiteas** uile den Aontas [...]. [...].Áireofar **sa phlean cibearshlándála** ar a laghad na **bearta bainistithe riosca cibearshlándála de bhun Airteagal 5** [...]. Déanfar an plean **cibearshlándála** a athbhreithniú gach **2** [...] bhliain ar a laghad, **nó** tar éis **gach** measúnaithe aibíochta [...] a dhéanfar de bhun Airteagal 6 **nó gach athbhreithnithe ar an gcreat de bhun Airteagal 4.**

**2.** [...]

**3.** **Cuirfear san áireamh** [...] sa phlean cibearshlándála aon treoirdhoiciméid is infheidhme agus aon mholtaí a eisítear **i gcomhréir le hAirteagal 13** [...].

**4.** **Ar thabhairt chun críche an phlean cibearshlándála, cuirfidh an t-eintiteas den Aontas faoi bhráid IICB é**.

*Airteagal 7a*

***Athbhreithniú piaraí***

**1. Déanfaidh IICB, ar mholadh ó CERT-EU agus tar éis dó dul i gcomhairle le ENISA, faoin... [24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, agus úsáid á baint as an modheolaíocht le haghaidh athbhreithnithe piaraí agus as an modheolaíocht le haghaidh féinmheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir [[togra NIS 2], arna choigeartú i gcás inar gá do riachtanais eintiteas den Aontas, an mhodheolaíocht agus na gnéithe eagraíochtúla le haghaidh athbhreithniú piaraí a bhunú d'fhonn foghlaim ón taithí chomhroinnte, muinín chomhpháirteach a neartú, ardléibhéal cibearshlándála coiteann a bhaint amach, chomh maith le feabhas a chur ar chumais chibearshlándála eintiteas de chuid an Aontais agus na beartais is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme. Is ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht sna hathbhreithnithe piaraí. Féadfaidh ionadaithe ó na Ballstáit a bheith rannpháirteach san athbhreithniú piaraí mar bhreathnóirí. Is iad saineolaithe cibearshlándála arna sannadh ag dhá eintiteas den Aontas ar a laghad, nach ionann iad agus eintitis den Aontas atá á n-athbhreithniú, a dhéanfaidh na hathbhreithnithe piaraí agus cumhdófar leo ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:**

**(i) leibhéal cur chun feidhme na mbeart bainistithe riosca cibearshlándála agus na n-oibleagáidí tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 20;**

**(ii) leibhéal na gcumas, lena n-áirítear na hacmhainní airgeadais, teicniúla agus daonna**

**atá ar fáil;**

**(iii) leibhéal cur chun feidhme an chreata um chomhroinnt faisnéise, dá dtagraítear in Airteagal 19;**

**(iv) saincheisteanna sonracha de chineál trasearnálach.**

**2. Féadfaidh eintitis den Aontas saincheisteanna sonracha a luaitear i mír 1, pointe (iv) atá le hathbhreithniú a shainaithint. Déanfar raon feidhme an athbhreithnithe, lena n-áirítear saincheisteanna sainaitheanta, a chur in iúl d'eintitis rannpháirteacha an Aontais sula gcuirfear tús leis an athbhreithniú piaraí.**

**3. Sula gcuirfear tús leis an athbhreithniú piaraí, féadfaidh eintitis den Aontas féinmheasúnú a dhéanamh ar na gnéithe athbhreithnithe agus an féinmheasúnú sin a sholáthar do na saineolaithe ainmnithe.**

**4. Is éard a bheidh i gceist le hathbhreithnithe piaraí cuairteanna fisiciúla nó fíorúla agus malartuithe faisnéise lasmuigh den láthair. I bhfianaise phrionsabal an dea-chomhair, déanfaidh eintitis an Aontais atá faoi réir an athbhreithnithe piaraí an fhaisnéis is gá don mheasúnú a sholáthar do na saineolaithe ainmnithe, gan dochar do dhlíthe náisiúnta nó do dhlíthe an Aontais a bhaineann le faisnéis íogair nó rúnaicmithe a chosaint. Aon fhaisnéis a fhaightear tríd an athbhreithniú piaraí, ní úsáidfear ach chun na críche sin amháin í. Ní dhéanfaidh na saineolaithe atá rannpháirteach san athbhreithniú piaraí aon fhaisnéis íogair ná rúnaicmithe a fhaightear i gcúrsa an athbhreithnithe sin a nochtadh d'aon tríú páirtithe.**

**5. Tar éis dóibh a bheith faoi réir athbhreithniú piaraí, ní bheidh na gnéithe céanna a athbhreithníodh in eintitis an Aontais faoi réir athbhreithniú piaraí breise ar feadh an 2 bhliain tar éis an t-athbhreithniú piaraí a thabhairt i gcrích, mura n-iarrfaidh eintitis an Aontais a mhalairt nó má chomhaontaítear go mbeidh tar éis togra ó IICB.**

**6. Áiritheoidh eintitis den Aontas go nochtfar aon riosca coinbhleachta leasa a bhaineann leis na saineolaithe ainmnithe do na heintitis eile den Aontas agus do IICB, sula gcuirfear tús leis an athbhreithniú piaraí. Féadfaidh na heintitis den Aontas atá faoi réir an athbhreithnithe piaraí agóid a dhéanamh i gcoinne saineolaithe ar leith a ainmniú ar fhorais a bhfuil údar cuí leo a chuirtear in iúl do na heintitis den Aontas a ainmníonn na saineolaithe.**

**7. Déanfaidh saineolaithe atá rannpháirteach in athbhreithnithe piaraí tuarascálacha a dhréachtú maidir le torthaí agus conclúidí na n-athbhreithnithe. Beidh cead ag eintitis an Aontais barúlacha a thabhairt maidir lena ndréacht-tuarascálacha faoi seach, agus cuirfear i gceangal iad leis na tuarascálacha. Áireofar sna tuarascálacha moltaí chun go bhféadfar feabhas a chur ar na gnéithe a chumhdaítear leis an athbhreithniú piaraí. Cuirfear na tuarascálacha faoi bhráid IICB agus líonra CSIRTanna nuair is ábhartha. Féadfaidh eintitis an Aontais atá faoi athbhreithniú a chinneadh an tuarascáil, nó leagan folaithe den tuarascáil, a chur ar fáil don phobal.**

*Airteagal 8*

***Cur chun feidhme***

**1.** [...]

**2.** Le treoirdhoiciméid agus moltaí, arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 13, tacófar le chur chun feidhme na bhforálacha a leagtar síos sa Chaibidil seo.

**3. Arna iarraidh sin do IICB, tuairisceoidh eintitis an Aontais ar ghnéithe sonracha den Chaibidil seo.**

## Caibidil III
## AN BORD IDIRINSTITIÚIDEACH UM CHIBEARSHLÁNDÁIL

*Airteagal 9*

***An Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil***

1. Bunaítear Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil.

2. Beidh an Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil freagrach as an méid seo a leanas:

   (a) faireachán a dhéanamh air go gcuireann **eintitis** [...] **an Aontais** an Rialachán seo chun feidhme;

   (b) maoirseacht a dhéanamh air go gcuireann CERT-EU chun feidhme na tosaíochtaí agus cuspóirí ginearálta agus stiúradh straitéiseach a chur ar fáil do CERT-EU.

3. Is éard a bheidh san IICB**:**

   **a) ionadaí amháin arna ainmniú ag gach ceann díobh seo a leanas:**

   **(i) Parlaimint na hEorpa;**

   **(ii) an Chomhairle Eorpach**

   **(iii) Comhairle an Aontais Eorpaigh;**

   **(iv) an Coimisiún Eorpach;**

   **(v) Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;**

   **(vi) an Banc Ceannais Eorpach;**

**(vii) Cúirt Iniúchóirí na hEorpa;**

**(viii) an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí;**

**(ix) Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa;**

**(x) Coiste Eorpach na Réigiún;**

**(xi) an Banc Eorpach Infheistíochta;**

**(xii) an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála; agus**

**(xiii) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil;**

**b)** triúr ionadaithe [...] **arna n-ainmniú** ag Líonra Ghníomhaireachtaí an Aontais (EUAN), ar mholadh ón gCoiste Comhairleach TFC, chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí a reáchtálann a dtimpeallacht TF féin. [...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

**3a.** Féadfaidh comhaltaí cúnamh a fháil ó chomhalta malartach. Féadfaidh an cathaoirleach a iarraidh ar ionadaithe eile ó na **heintitis** [...] a liostaítear thuas nó ó [...] **eintitis** eile den Aontas freastal ar chruinnithe IICB, gan cearta vótála a bheith acu.

4. Glacfaidh an Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil a rialacha nós imeachta inmheánacha.

5. Ainmneoidh an Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil cathaoirleach, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta inmheánacha, as measc a chomhaltaí ar feadh thréimhse [...] **2** bhliain. Beidh a chomhalta malartach ina lánchomhalta de IICB ar feadh na tréimhse céanna.

6. Tiocfaidh IICBl le chéile **ar a laghad trí huaire sa bhliain** ar thionscnamh a chathaoirligh**, agus/nó** ar iarraidh ó CERT-EU **agus/**nó ar iarraidh ó aon cheann dá chomhaltaí.

7. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta de IICB. Glacfar cinntí IICB le tromlach simplí ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo. Ní bheidh vóta ag an gcathaoirleach ach amháin i gcás comhionannas vótaí nuair a bheidh an vóta réitigh aige.

8. Féadfaidh IICB gníomhú trí nós imeachta simplithe i scríbhinn arna thionscnamh i gcomhréir le rialacha nós imeachta inmheánacha IICB. Faoin nós imeachta sin, measfar an cinneadh ábhartha a bheith formheasta laistigh den tréimhse a shocróidh an cathaoirleach, seachas i gcás ina gcuireann comhalta ina choinne.

9. **Féadfaidh** Ceann CERT-EU**, cathaoirleach an Ghrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise**, **cathaoirleach EU-CyCLONe agus cathaoirleach Líonra CSIRTanna,** nó **a** [...] gcomhaltaí malartacha, [...] a bheith rannpháirteach**, mar bhreathnóirí,** i gcruinnithe IICB seachas i gcásanna ina gcinnfidh IICB a mhalairt.

10. Is é **ENISA** [...] a chuirfidh rúnaíocht ar fáil do IICB **agus beidh sí cuntasach do chathaoirleach IICB**.

11. Cuirfidh na hionadaithe arna n-ainmniú ag (EUAN), ar mholadh ón gCoiste Comhairleach TFC, **comhaltaí EUAN** […] ar an eolas maidir le cinntí IICB. Beidh aon ghníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais i dteideal aon ábhar a mheasfaidh sé gur cheart é a chur faoi bhráid IICB a tharraingt anuas leis na hionadaithe nó le cathaoirleach IICB.

**12.** [...]

13. Féadfaidh IICB Coiste Feidhmiúcháin **a bhunú** [...] chun cúnamh a thabhairt dó lena chuid oibre agus féadfaidh sé roinnt dá chúraimí agus dá chumhachtaí a tharmligean chuige**, go háirithe iad siúd atá in Airteagal 10, litreacha (c) agus (e)**. Leagfaidh IICB síos rialacha nós imeachta an Choiste Feidhmiúcháin, lena n-áirítear a chúraimí agus a chumhachtaí agus téarmaí oifige a gcomhaltaí.

**14. Cuirfidh IICB tuarascáil faoi bhráid na Comhairle gach 12 mhí ina sonrófar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus ina sonrófar go háirithe méid an chomhair idir CERT-EU agus a chontrapháirtithe náisiúnta i ngach ceann de na Ballstáit. Is éard a bheidh sa tuarascáil sin ionchur sa Tuarascáil dhébhliantúil ar staid na cibearshlándála san Aontas le linn na tréimhse céanna i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir [togra NIS 2].**

*Airteagal 10*

***Cúraimí IICB***

Agus a fhreagrachtaí á bhfeidhmiú aige, déanfaidh IICB an méid seo a leanas, go háirithe:

**(a)** [...] **faireachán agus maoirseacht éifeachtach ar chur i bhfeidhm** an Rialacháin seo agus **tacaíocht a thabhairt d'eintitis an Aontais a gcibearshlándáil a neartú**; **chuige sin, féadfaidh IICB tuarascálacha *ad hoc* a iarraidh ó CERT-EU agus ó eintitis an Aontais;**

(aa) **tar éis plé straitéiseach, straitéis ilbhliantúil a ghlacadh maidir le leibhéal na cibearshlándála a ardú in eintitis an Aontais agus í a mheas ar bhonn tráthrialta agus gach 5 bliana ar a laghad agus, i gcás inar gá, í a leasú;**

(b) clár oibre bliantúil CERT-EU, **arna thíolacadh ag** [...] Ceann CERT-EU, a fhormheas, agus a chur chun feidhme a fhaireachán;

(c) catalóg seirbhísí CERT-EU, **agus aon nuashonrú ina dhiaidh sin air**, a fhormheas, ar bhonn moladh ó Cheann CERT-EU;

(d) de bhun moladh ó Cheann CERT-EU, an phleanáil airgeadais bhliantúil maidir le hioncam agus caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí CERT-EU, lena n-áirítear soláthar foirne, a fhormheas;

(e) de bhun moladh ó Cheann CERT-EU, módúlachtaí na gcomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse a fhormheas;

(f) an tuarascáil bhliantúil arna dréachtú ag Ceann CERT-EU, lena gcumhdófar gníomhaíochtaí agus bainistíocht chistí CERT-EU, a scrúdú agus a fhormheas;

(g) eochairtháscairí feidhmíochta le haghaidh CERT-EU a shaineofar de bhun moladh ó Cheann CERT-EU, a fhormheas agus faireachán a dhéanamh orthu;

(h) socruithe comhair, **comhaontuithe** ar leibhéal seirbhíse [...] nó conarthaí idir CERT-EU agus eintitis eile a fhormheas de bhun Airteagal 17;

(i) [...] grúpaí comhairleacha teicniúla [...] a bhunú chun cúnamh a thabhairt d'obair IICB, a dtéarmaí tagartha a fhormheas agus a gcathaoirligh faoi seach a ainmniú.

(j) **treoirdhoiciméid agus moltaí a ghlacadh ar bhonn togra ó CERT-EU i gcomhréir le hAirteagal 13 agus treoir a thabhairt do CERT-EU togra le haghaidh treoirdhoiciméad nó moltaí, nó glao ar ghníomhaíocht, a eisiúint, a tharraingt siar nó a mhodhnú;**

(k) **doiciméid agus tuarascálacha arna dtíolacadh ag eintitis an Aontais faoin Rialachán seo a fháil agus a mheasúnú;**

(l) **tacú le grúpa neamhfhoirmiúil a bhunú ina dtabharfar le chéile Oifigigh Áitiúla Chibearshlándála na n-eintiteas uile agus, ar an gcaoi sin, malartú dea-chleachtas agus faisnéise a éascú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo;**

(m) **plean bainistithe cibear-ghéarchéime a fhorbairt chun tacú le bainistiú comhordaithe ar mhórtheagmhais ar an leibhéal oibríochtúil a dhéanann difear d'eintitis an Aontais agus chun rannchuidiú le malartú tráthrialta faisnéise ábhartha, go háirithe maidir le tionchair agus déine mórtheagmhas agus na bealaí féideartha maolaithe.**

*Airteagal 11*

***Comhlíonadh***

1. Déanfaidh IICB**, i gcomhréir le hAirteagail 9(2) agus 10,** faireachán **éifeachtach** ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus na dtreoirdhoiciméid, na moltaí agus na nglaonna ar ghníomhaíocht arna nglacadh ag [...] **eintitis** an Aontais. **Chuige sin, féadfaidh IICB an fhaisnéis nó an doiciméadacht is gá a iarraidh chun measúnú a dhéanamh air go gcuireann eintitis an Aontais i bhfeidhm go cuí forálacha an Rialacháin. Chun críche bearta comhlíonta a ghlacadh faoin Airteagal seo, ní bheidh cearta vótála ag an eintiteas Aontais lena mbaineann.**

2. I gcás ina gcinnfidh IICB nár chuir **eintitis** [...] den Aontas an Rialachán seo, nó na treoirdhoiciméid, na moltaí agus na glaonna ar ghníomhaíocht arna n-eisiúint faoin Rialachán seo, i bhfeidhm go héifeachtach nó nár chuir siad chun feidhme go héifeachtach iad, féadfaidh sé, gan dochar do nósanna imeachta inmheánacha an **eintitis** ábhartha den Aontas [...] , **agus tar éis dó an deis a thabhairt don eintiteas nó don duine lena mbaineann a thuairimí a chur i láthair, an méid seo a leanas a dhéanamh**:

(a) rabhadh a eisiúint **chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh arna sainaithint laistigh de thréimhse ama shonraithe, lena n-áirítear moltaí chun doiciméid chibearshlándála a ghlac eintitis an Aontais bunaithe ar an Rialachán seo a leasú**; i gcás inar gá i bhfianaise riosca cibearshlándála tromchúiseach, cuirfear srian iomchuí ar mhéid an phobail a chuirfear ar an eolas maidir leis an rabhadh;

**(aa) fógra réasúnaithe a eisiúint chuig eintiteas den Aontas, i gcás nár tugadh aghaidh leordhóthanach laistigh de thréimhse ama shonraithe ar easnaimh a sainaithníodh sa rabhadh a eisíodh roimhe sin, agus fógra foirmiúil a thabhairt don Chomhairle, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún maidir leis an tuairim sin;**

(b) **an méid seo a leanas a eisiúint, go háirithe:** [...]

**i. moladh go ndéanfaí iniúchóireacht ar eintiteas den Aontas;**

**ii. iarraidh go ndéanfadh seirbhís iniúchóireachta tríú páirtí iniúchadh.**

**(c) a iarraidh ar an eintiteas den Aontas bainistiú, rialachas agus rialú rioscaí cibearshlándála a chur i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, i gcás inarb iomchuí ar bhealach sonraithe agus laistigh de thréimhse ama shonraithe.**

**(d) comhairle a eisiúint do na Ballstáit uile agus d'eintitis uile an Aontais ina moltar sreabha sonraí chuig an eintiteas den Aontas a chur ar fionraí go sealadach.**

**3. I gcás inar ghlac IICB bearta faoi mhír 2, pointí (a) go (d), tabharfaidh an t-eintiteas den Aontas lena mbaineann cuntas mionsonraithe ar na bearta agus ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh líomhainte arna sainaithint ag IICB. Cuirfidh an t-eintiteas den Aontas an cuntas sin isteach laistigh de thréimhse réasúnta a chomhaontófar le IICB.**

**4. I gcás ina measfaidh IICB go bhfuil sárú leanúnach á dhéanamh ag eintiteas den Aontas ar fhorálacha an Rialacháin seo ag eascairt go díreach as gníomhaíochtaí nó neamhghníomhaíochtaí oifigigh nó seirbhísigh eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear ar an leibhéal bainistíochta is airde, iarrfaidh IICB ar an eintiteas lena mbaineann na bearta iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear bearta de chineál araíonachta, i gcomhréir, go háirithe, leis na rialacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne agus i gCoinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh. Chun na críche sin, aistreoidh IICB an fhaisnéis is gá chuig an eintiteas lena mbaineann.**

## Caibidil IV
## CERT-EU

*Airteagal 12*

***Misean agus cúraimí CERT-EU***

1. [...] [...] Is é a bheidh i **misean CERT-EU** rannchuidiú le slándáil thimpeallacht TF neamh-rúnaicmithe gach [...] **eintitis** den Aontas trí chomhairle a thabhairt dóibh maidir le cibearshlándáil, trí chúnamh a thabhairt chun teagmhais a chosc, a bhrath, a mhaolú agus freagairt orthu agus trí fheidhmiú mar a malartán faisnéise cibearshlándál agus mar a mol comhordúcháin chun freagairt ar theagmhais.

**1a. Déanfaidh CERT-EU faisnéis maidir le bagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais a bhaineann le bonneagar TFC neamh-rúnaicmithe a bhailiú, a bhainistiú, a anailísiú agus a chomhroinnt le heintitis an Aontais. Comhordóidh sé freagairtí ar theagmhais ar leibhéal idirinstitiúideach agus ar leibhéal eintitis an Aontais, lena n-áirítear trí chúnamh oibríochtúil speisialaithe a sholáthar nó a chomhordú.**

2. Déanfaidh CERT-EU na cúraimí seo a leanas ar son [...] **eintitis** an Aontais:

(a) tabharfaidh sé tacaíocht dóibh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus rannchuideoidh sé le comhordú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo trí bhíthin na **bhforálacha** [...] a liostaítear in Airteagal 13(1) nó trí thuarascálacha *ad-hoc* arna n-iarraidh ag IICB;

**(b)** [...] **tairgfidh sé seirbhísí CSIRT caighdeánacha do gach eintiteas den Aontas trí** phacáiste seirbhísí cibearshlándála a dtugtar tuairisc orthu sa chatalóg seirbhísí (‘seirbhísí bunlíne’);

(c) coinneoidh sé líonra piaraí agus comhpháirtithe ar bun chun tacú leis na seirbhísí mar a leagtar amach in Airteagail 16 agus 17;

(d) tarraingeoidh sé aird an Bhoird Idirinstitiúidigh um Chibearshlándáil ar aon saincheist a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus cur chun feidhme na dtreoirdhoiciméad, na moltaí agus na nglaonna ar ghníomhaíocht;

(e) **ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear i mír 1a,** [...] rannchuideoidh sé le feasacht staide cibearshlándála an Aontais **i ndlúthchomhar le ENISA. Déanfar an fhaisnéis sin a chomhroinnt le IICB, chomh maith le Líonra CSIRTanna agus EU-INTCEN;**

**(f) gníomhóidh sé mar choibhéis an chomhordaitheora ainmnithe le haghaidh eintitis an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir [togra NIS 2].**

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

4. **Ag feidhmiú dó laistigh den chreat inniúlachtaí,** rachaidh CERT-EU i mbun comhar struchtúrtha le [...] **ENISA** maidir le fothú acmhainneachta, comhar oibríochtúil agus anailísí straitéiseacha fadtéarmacha ar chibearbhagairtí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

5. Féadfaidh CERT-EU na seirbhísí seo a leanas, nach dtugtar tuairisc orthu ina chatalóg seirbhísí ('seirbhísí inmhuirearaithe'), a sholáthar:

   (a) seirbhísí lena dtacaítear le cibearshlándáil thimpeallacht TF [...] **eintitis** an Aontais, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 2, ar bhonn comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse agus faoi réir infhaighteacht acmhainní;

   (b) seirbhísí lena dtacaítear le hoibríochtaí nó tionscadail chibearshlándála [...] **eintitis** an Aontais, seachas iad siúd lena dtugtar cosaint dá dtimpeallachtaí TF, ar bhonn comhaontuithe i scríbhinn agus le formheas roimh ré ó IICB;

   (c) seirbhísí a thacaíonn le slándáil thimpeallacht TF eagraíochtaí, nach [...] **eintitis** den Aontas iad a oibríonn i ndlúthchomhar le [...] **heintitis** an Aontais, eagraíochtaí ar sannadh cúraimí nó freagrachtaí dóibh faoi dhlí an Aontais mar shampla, ar bhonn comhaontuithe i scríbhinn agus le formheas roimh ré ón mBord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil.

6. Féadfaidh CERT-EU cleachtaí cibearshlándála a eagrú **nó a bheith rannpháirteach iontu** nó féadfaidh sé rannpháirtíocht i gcleachtaí atá ar siúl cheana a mholadh, i ndlúthchomhar le [...] **ENISA** nuair is infheidhme, chun leibhéal cibearshlándála **eintitis** [...] an Aontais a thástáil.

7. Féadfaidh CERT-EU cúnamh a chur ar fáil [...] **d'eintitis** den Aontas maidir le teagmhais i dtimpeallachtaí TFC rúnaicmithe má iarrann **na heintitis den Aontas** [...] **lena mbaineann go sainráite air é sin a dhéanamh i gcomhréir lena nósanna imeachta faoi seach. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach in Airteagail 19 go 21 den Rialachán seo. Má chuireann CERT-EU cúnamh ar fáil faoin mír seo, beidh sé gan dochar do rialacha infheidhme an Bhallstáit nó an Aontais maidir le cosaint faisnéise íogaire nó rúnaicmithe.**

**8. Cuirfidh CERT-EU eintitis an Aontais ar an eolas faoina nósanna imeachta agus a phróisis láimhseála teagmhais.**

**9. Féadfaidh CERT-EU faireachán a dhéanamh ar thrácht líonra eintiteas den Aontas le toiliú an eintitis ábhartha den Aontas.**

**10. Féadfaidh CERT-EU, arna iarraidh sin go sainráite ag ranna beartais eintiteas den Aontas, comhairle theicniúil nó ionchur a thabhairt maidir le hábhair bheartais ábhartha.**

**11. Tacóidh CERT-EU, i gcomhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, leis na heintitis den Aontas lena mbaineann agus aghaidh á tabhairt acu ar theagmhais a mbíonn sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta mar thoradh orthu.**

*Airteagal 13*

***Treoirdhoiciméid, moltaí agus glaonna ar ghníomhaíocht***

1. Tacóidh CERT-EU le cur chun feidhme an Rialacháin seo trí bhíthin na nithe seo a leanas a eisiúint:

   (a) glaonna ar ghníomhaíocht lena dtugtar tuairisc ar bhearta slándála práinneacha a dtathantaítear [...] ar eintitis an Aontais iad a chur i gcrích laistigh de thréimhse ama shocraithe; Gan moill mhíchuí tar éis an glao ar ghníomhaíocht a fháil, cuirfidh an t-eintiteas den Aontas lena mbaineann CERT-EU ar an eolas faoin gcaoi ar cuireadh na bearta sin i bhfeidhm;

   (b) tograí a chuirfidh sé faoi bhráid IICB maidir le treoirdhoiciméid a dhíreofar ar gach [...] **eintiteas** den Aontas nó ar fhothacar díobh;

   (c) tograí a chuirfidh sé faoi bhráid IICB le haghaidh moltaí a dhíreofar ar [...] **eintitis** aonair den Aontas.

2. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith sna treoirdhoiciméid agus sna moltaí:

   (a) módúlachtaí le haghaidh bainistiú rioscaí cibearshlándála agus le haghaidh **bearta bainistithe riosca** cibearshlándála nó feabhsuithe orthu [...];

   (b) módúlachtaí le haghaidh measúnú agus pleananna cibearshlándála; agus

   (c) i gcás inarb iomchuí, teicneolaíocht, ailtireacht agus dea-chleachtais choiteanna a úsáid agus é d'aidhm aige idir-inoibritheacht agus comhchaighdeáin a bhaint amach, l**ena n-áirítear cur chuige comhordaithe i leith shlándáil an tslabhra soláthair** [...]**.**

[...]

[...]

*Airteagal 14*

***Ceann CERT-EU***

1. **Is é an Coimisiún a cheapfaidh Ceann CERT-EU, tar éis dó formheas a fháil ó dhá thrian de chomhaltaí. Rachfar i gcomhairle leis an mBord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil ag gach céim den nós imeachta sula gceapfar Ceann CERT-EU, go háirithe i dtaobh fógraí folúntais a dhréachtú, iarratais a scrúdú, agus baill a cheapadh ar bhoird roghnúcháin i ndáil leis an bpost sin.**

2. **Beidh Ceann CERT-EU freagrach as feidhmiú cuí CERT-EU, ag gníomhú dó laistigh dá shainchúram faoi stiúir IICB. Beidh sé nó sí freagrach as an treo straitéiseach, an treoir straitéiseach, na cuspóirí agus na tosaíochtaí arna leagan síos ag IICB a chur chun feidhme, agus as bainistiú CERT-EU, lena n-áirítear a acmhainní airgeadais agus daonna. Tuairisceoidh sé nó sí go tráthrialta do Chathaoirleach IICB.**

3. **Cuideoidh Ceann CERT-EU leis an oifigeach freagrach údarúcháin trí tharmligean maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a dhréachtú ina mbeidh faisnéis airgeadais agus bainistíochta, lena n-áirítear torthaí na rialuithe, arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 66(9) den Rialachán Airgeadais, agus tuairisceoidh sé nó sí go rialta dó nó di maidir le cur chun feidhme na mbeart a ndearnadh cumhachtaí a fho-tharmligean chuige ina leith.**

4. **Déanfaidh Ceann CERT-EU pleanáil airgeadais a thaarraingt suas gach bliain maidir le hioncam agus caiteachas riaracháin dá ghníomhaíochtaí, an togra maidir leis an gclár oibre bliantúil, an togra maidir le catalóg seirbhíse CERT-EU agus an t-athbhreithniú air, togra maidir le módúlachtaí le haghaidh comhaontuithe ar leibhéil seirbhíse agus an togra maidir le príomhtháscairí feidhmíochta le haghaidh CERT-EU a bheidh le formheas ag IICB i gcomhréir le hAirteagal 10.**

   **Agus athbhreithniú á dhéanamh ar liosta na seirbhísí i gcatalóg seirbhíse CERT-EU, cuirfidh Ceann CERT-EU san áireamh na hacmhainní a leithdháiltear ar CERT-EU.**

5. [...] Cuirfidh Ceann CERT-EU tuarascálacha **bliantúla** faoi bhráid IICB [...] maidir le feidhmíocht CERT-EU, pleanáil airgeadais, ioncam, cur chun feidhme an bhuiséid, comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse agus comhaontuithe i scríbhinn a rinneadh, comhar le contrapháirtithe agus comhpháirtithe, agus misin a rinne an fhoireann, lena n-áirítear na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 10([...]**a**).

*Airteagal 15*

***Cúrsaí airgeadais agus foirne***

[...]

**1a. Cé go mbunaítear CERT-EU mar sholáthraí seirbhíse idirinstitiúideach neamhspleách le haghaidh eintitis uile den Aontas, comhtháthófar CERT-EU i struchtúr riaracháin ardstiúrthóireacht de chuid an Choimisiúin chun tairbhe a bhaint as struchtúir tacaíochta riaracháin, airgeadais, bainistíochta agus cuntasaíochta an Choimisiúin. Cuirfidh an Coimisiún IICB ar an eolas faoi shuíomh riaracháin CERT-EU agus faoi aon athruithe air sin. Déanfar meastóireacht ar an gcur chuige sin ar bhonn rialta, ar a dhéanaí, roimh dheireadh aon chreata airgeadais ilbhliantúil arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 312 CFAE ionas gur féidir aon bheart iomchuí a dhéanamh.**

2. Maidir le nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais a chur i bhfeidhm, gníomhóidh Ceann CERT-EU faoi údarás an Choimisiúin.

3. Cúraimí agus gníomhaíochtaí CERT-EU, lena n-áirítear na seirbhísí arna soláthar ag CERT-EU de bhun Airteagal 12(2), [...] (4), (6) agus Airteagal 13(1) d'**eintitis** [...] den Aontas arna maoiniú ón gceannteideal den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil atá tiomnaithe don riarachán poiblí Eorpach, cisteofar iad trí shainlíne bhuiséid de bhuiséad an Choimisiúin. Tabharfar mionsonraí ar phoist atá curtha in áirithe do CERT-EU i bhfonóta a ghabhfaidh le plean bunaíochta an Choimisiúin.

4. Déanfaidh **eintitis** [...] den Aontas, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 3, ranníocaíochtaí bliantúla do CERT-EU chun na seirbhísí arna soláthar ag CERT-EU de bhun na míre 3 sin a chumhdach. Bunófar ranníocaíochtaí na n-eintiteas faoi seach ar threoshuímh ón mBord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil a chomhaontófar le gach eintiteas agus le CERT-EU i gcomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse. Cion cothrom agus comhréireach de chostais iomlán na seirbhísí arna soláthar a bheidh sna ranníocaíochtaí. Déanfar iad a iontráil mar ioncam sannta sa tsainlíne bhuiséid dá dtagraítear i mír 3 de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 21(3), pointe (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13].

5. Déanfar costais na gcúraimí a shainítear in Airteagal 12(5) a aisghabháil ó na **heintitis** [...] den Aontas a fhaigheann seirbhísí CERT-EU. Sannfar an t-ioncam do na línte buiséid faoina gcumhdaítear na costais.

[13] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Airteagal 16*

***Comhar CERT-EU le contrapháirtithe ó na Ballstáit***

1. Oibreoidh CERT-EU, **gan moill mhíchuí**, i gcomhar agus malartóidh sé faisnéis le contrapháirtithe náisiúnta ó na Ballstáit, **go háirithe** [...] [...] [...]**,** CSIRTanna dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir [togra NIS 2], agus/nó i gcás inarb infheidhme údaráis inniúla náisiúnta agus pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir [togra NIS 2], maidir le cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais, frithbhearta féideartha agus gach ábhar ábhartha i dtaobh feabhas a chur ar chosaint thimpeallachtaí TF **eintitis** [...] den Aontas, lena n-áirítear tríd an líonra CSIRTanna dá dtagraítear in Airteagal 13 de Threoir [togra NIS 2].

**1a. Tabharfaidh CERT-EU fógra, gan mhoill, d'aon chontrapháirtí náisiúnta ábhartha ó na Ballstáit, dá dtagraítear i mír 1, nuair atá sé ar an eolas faoi theagmhais shuntasacha a tharlaíonn laistigh de chríoch an Bhallstáit sin, mura bhfuil an fhaisnéis ag CERT-EU gur thuairiscigh an t-eintiteas den Aontas a ndearnadh difear dó teagmhas den sórt sin cheana i gcomhréir le hAirteagal 20(2a).**

2. **Déanfaidh** CERT-EU, [...] **gan moill mhíchuí**, faisnéis teagmhas-sonrach a mhalartú le contrapháirtithe náisiúnta sna Ballstáit chun éascú a dhéanamh ar chibeartheagmhais nó cibearbhagairtí dá samhail a bhrath **nó chun cuidiú le hanailís a dhéanamh ar theagmhas**, agus déanfaidh sé é sin gan toiliú **a lorg** ón **eintiteas** [...] den Aontas lena mbaineann [...]. **Ní dhéanfaidh** CERT-EU [...] faisnéis teagmhas-sonrach lena nochtar cé ar a díríodh an teagmhas cibearshlándála a mhalartú **mura** [...]

**(a) bhfuil toiliú ann ón eintiteas den Aontas a ndéantar difear dó;**

**(b) fhoilsigh an t-eintiteas den Aontas a ndéantar difear dó go ndearnadh difear dó;**

**(c) bhfuil aon toiliú ann ón eintiteas den Aontas a ndéantar difear dó, ach dá bhfoilseofaí an t-eintiteas den Aontas a ndéantar difear dó, mhéadófaí an dóchúlacht go seachnófaí nó go maolófaí teagmhais in áit eile. Ní mór formheas Cheann CERT-EU a fháil do chinntí den sórt sin. Cuirfear an t-eintiteas den Aontas a ndéantar difear dó ar an eolas sula bhfoilseofar é.**

*Airteagal 17*

***Comhar CERT-EU le contrapháirtithe [...] eile***

1. Féadfaidh CERT-EU oibriú i gcomhar le contrapháirtithe [...] **san Aontas Eorpach seachas iad siúd a luaitear in Airteagal 16,** lena n-áirítear contrapháirtithe earnáilsonracha i dtaobh uirlisí agus modhanna, amhail teicnící, taicticí, nósanna imeachta agus dea-chleachtais agus i dtaobh cibearbhagairtí agus leochaileachtaí. I dtaobh gach [...] comhar le comhpháirtithe den sórt sin, lorgóidh CERT-EU formheas roimh ré ó IICB **de réir an cháis**. **Cuirfidh CERT-EU aon chontrapháirtithe náisiúnta ábhartha, dá dtagraítear in Airteagal 16(1), i mBallstát ina bhfuil an contrapháirtí lonnaithe ar an eolas, nuair a bhunaíonn CERT-EU comhar leis na contrapháirtithe sin.**

2. Féadfaidh CERT-EU oibriú i gcomhar le comhpháirtithe eile, amhail eintitis tráchtála, eagraíochtaí idirnáisiúnta, eintitis náisiúnta atá lasmuigh den Aontas Eorpach nó saineolaithe aonair chun faisnéis a chruinniú ar chibearbhagairtí ginearálta agus sonracha, ar leochaileachtaí agus ar fhrithbhearta féideartha. I dtaobh comhar níos leithne le comhpháirtithe den sórt sin, lorgóidh CERT-EU formheas roimh ré ó IICB **de réir an cháis.**

3. Féadfaidh CERT-EU, **ar choinníoll go mbeidh socrú nó conradh neamhnochta i bhfeidhm leis an gcomhpháirtí ábhartha,** le toiliú an eintitis [...] den Aontas a ndéanann teagmhas difear dó, faisnéis a sholáthar a bhaineann leis an teagmhas **sonrach** do chomhpháirtithe **dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 chun críche rannchuidiú** [...] leis an anailís a dhéanfaidh CERT-EU. **Déanfar na comhaontuithe nó na conarthaí neamhnochta sin a fhíorú go dlíthiúil i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha ábhartha an Choimisiúin. Ní bheidh gá le formheas roimh ré ó IICB le comhaontuithe nó conarthaí neamhnochta, ach cuirfear cathaoirleach IICB ar an eolas.**

4. Féadfaidh CERT-EU, ar bhonn eisceachtúil, comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse a dhéanamh le heintitis seachas le heintitis an Aontais ach formheas faighte roimh ré ó IICB.

## Caibidil V
## OIBLEAGÁIDÍ MAIDIR LE COMHAR AGUS TUAIRISCIÚ

### *Airteagal 18*
### *Láimhseáil faisnéise*

1. Déanfaidh CERT-EU agus **eintitis** [...] den Aontas an oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil a urramú i gcomhréir le hAirteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó le creataí coibhéiseacha is infheidhme.

2. Beidh feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] maidir le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá i seilbh CERT-EU, lena n-áirítear an oibleagáid faoin Rialachán dul i gcomhairle le **heintitis** [...] eile den Aontas, **agus i gcás inarb ábhartha, na Ballstáit**, aon uair a bhaineann an iarraidh lena ndoiciméid.

[...]

4. Maidir le láimhseáil faisnéise ag CERT-EU agus ag [...] **eintitis** den Aontas, déanfar í i gcomhréir leis na rialacha **is infheidhme** [...] maidir le slándáil faisnéise [...].

[...]

*Airteagal 19*

*[...]* ***<u>Comhroinnt faisnéise cibearshlándála</u>***

**-1. Féadfaidh eintitis den Aontas faisnéis a sholáthar go deonach do CERT-EU maidir le cibearbhagairtí, cibeartheagmhais, neasteagmhais agus leochaileachtaí a dhéanann difear dóibh. Áiritheoidh CERT-EU go mbeidh modhanna éifeachtúla cumarsáide ar fáil chun comhroinnt faisnéise le heintitis den Aontas a éascú. Féadfaidh CERT-EU tosaíocht a thabhairt d'fhógraí sainordaitheacha a phróiseáil thar fhógraí deonacha.**

[14] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

1. Chun [...] **a mhisean agus a chúraimí a chomhlíonadh, mar a shainítear in Airteagal 12**, féadfaidh CERT-EU a iarraidh ar **eintitis** [...] den Aontas [...] faisnéis a sholáthar dó óna bhfardail córas TF, **lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cibearbhagairtí, neasteagmhais, leochaileachtaí, táscairí comhréitigh, foláirimh chibearshlándála agus moltaí maidir le cumraíocht uirlisí cibearshlándála chun cibeartheagmhais a bhrath** [...]. Tarchuirfidh [...] **an t-eintiteas** iarrtha den Aontas an fhaisnéis a iarradh, agus aon nuashonruithe uirthi ina dhiaidh sin, gan moill mhíchuí.

2. Soláthróidh **eintitis** [...] den Aontas faisnéis dhigiteach a cruthaíodh de bharr úsáid gaireas leictreonach a raibh baint acu lena dteagmhais faoi seach do CERT-EU arna iarraidh sin dó, agus gan moill mhíchuí. Féadfaidh CERT-EU tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil maidir le cineálacha na faisnéise digití a éilíonn sé le haghaidh feasacht staide agus freagairt do theagmhais.

3. Maidir le faisnéis teagmhas-sonrach **le heintitis den Aontas** lena nochtar an t-eintiteas [...] den Aontas a ndearnadh difear di leis an teagmhas, ní féidir le CERT-EU an fhaisnéis sin a mhalartú ach amháin le toiliú an eintitis sin. **I gcás ina gcoinneofar toiliú siar, tabharfaidh an t-eintiteas lena mbaineann cúiseanna cuí-réasúnaithe do CERT-EU.** [...]

4. Ní áireofar ar na hoibleagáidí comhroinnte faisnéis rúnaicmithe den Aontas Eorpaigh ná faisnéis **a bhfuil a dáileadh lasmuigh d'eintiteas den Aontas a ghlacann na sonraí eisiata ag foinse na faisnéise trí bhíthin marcáil infheicthe, mura gceadaíonn foinse [...] go sainráite an fhaisnéis sin a chomhroinnt le CERT-EU.** [...]

*Airteagal 20*

***Oibleagáidí [...] <u>maidir le tuairisciú</u>***

**-1. Measfar go bhfuil an teagmhas suntasach más rud é:**

**(a) go bhfuil sé ina chúis le mórshuaitheadh oibríochtúil ar fheidhmiú an eintitis den Aontas lena mbaineann nó go bhféadfadh sé a bheith ina chúis leis nó go bhfuil sé ina chúis le caillteanas airgeadais don eintiteas den Aontas lena mbaineann nó go bhféadfadh sé a bheith ina chúis leis**;

**(b) go ndearna sé difear do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile nó go bhféadfadh sé difear a dhéanamh dóibh trí dhamáiste ábhartha nó neamhábhartha suntasach a dhéanamh.**

1. Cuirfidh **eintiteas** uile [...] den Aontas [...] **faoi bhráid CERT-EU**: [...]

[...].

**(a) gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis teacht ar an eolas faoin teagmhas suntasach, luathrabhadh ina léireofar, i gcás inarb infheidhme, cibé acu an ann nó nach ann don teagmhas suntasach sin de dheasca gníomhaíocht neamhdhleathach nó mhailíseach agus cibé acu an bhfuil nó an bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith aige;**

**(b) gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis teacht ar an eolas faoin teagmhas suntasach, fógra teagmhais, lena ndéanfar, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfomhír (a) a nuashonrú agus measúnú tosaigh ar** an teagmhas suntasach, a dhéine agus a thionchar, agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, **táscairí** an chomhréitigh **a léiriú**;

**(c) arna iarraidh sin ag CERT-EU, tuarascáil idirmheánach maidir le nuashonruithe ábhartha ar stádas;**

**(d) tuarascáil chríochnaitheach tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an fhógra faoin teagmhas suntasach faoi phointe (a) a chur isteach, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ar a laghad:**

**(i) tuairisc mhionsonraithe ar an teagmhas suntasach, ar a dhéine agus ar a thionchar;**

**(ii) an cineál bagartha nó an bhunchúis is dócha a spreag an teagmhas suntasach;**

**(iii) bearta maolúcháin atá á gcur i bhfeidhm agus leanúnach.**

**(iv) i gcás inarb infheidhme, tionchar trasteorann an teagmhais shuntasaigh;**

**(e) i gcásanna teagmhais shuntasacha leanúnacha an tráth a chuirtear isteach an tuarascáil chríochnaitheach dá dtagraítear i bpointe (d), tuarascáil ar dhul chun cinn ag an am sin agus tuarascáil chríochnaitheach laistigh de mhí amháin tar éis an teagmhas a láimhseáil.**

[...]

**(g)** [...]

**(h)** [...]

**(i)** [...]

(j) [...]

**2a. Roinnfidh eintitis uile den Aontas an fhaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir le mír 1 laistigh den amlíne chéanna le haon chontrapháirteanna náisiúnta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 16(1) ina bhfuil sí lonnaithe.**

3. Cuirfidh CERT-EU tuarascáil achomair faoi bhráid [...] **IICB, EU INTCEN agus an Líonra CSIRTanna gach trí mhí** [...] lena n-áirítear sonraí anaithnidithe comhiomlánaithe maidir le [...] cibearbhagairtí, [...] leochaileachtaí **i gcomhréir le hAirteagal 19, freagraí eintitis den Aontas ar ghlaonna ar ghníomhaíocht i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (a),** agus teagmhais shuntasacha a dtugtar fógra fúthu i gcomhréir le mír 1. **Beidh an tuarascáil sin ina hionchur sa tuarascáil dhébhliantúil ar staid na cibearshlándála san Aontas faoi Airteagal 15 de Threoir [togra NIS 2].**

4. **Eiseoidh** IICB, [...] **faoi** [**6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo**], treoirdhoiciméid nó moltaí **ina sonrófar a thuilleadh** [...] módúlachtaí, **formáid** agus ábhar an **tuairiscithe** [...]. **Tabharfar aird chuí sna treoirdhoiciméid nó sna moltaí ar na forálacha atá á gcur chun feidhme le haon ghníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 20(11) de Threoir [togra NIS 2]**, scaipfidh CERT-EU na mionsonraí teicniúla ábhartha chun bearta braite réamhghníomhaí, bearta freagartha do theagmhais nó bearta maolaitheacha a chur ar a chumas d'**eintitis** [...] den Aontas.

5. Ní áireofar ar na hoibleagáidí **tuairiscithe** [...] faisnéis rúnaicmithe den Aontas Eorpaigh ná faisnéis **a bhfuil a dáileadh lasmuigh d'eintiteas den Aontas a ghlacann na sonraí eisiata ag foinse na faisnéise trí bhíthin marcáil infheicthe, mura gceadaíonn foinse [...] go sainráite an fhaisnéis sin a chomhroinnt le CERT-EU.**. [...]

*Airteagal 21*

*Comhordú agus comhar maidir le freagairt ar theagmhais [...]*

1. Agus é ag feidhmiú ina mhol comhordúcháin le haghaidh malartú faisnéise cibearshlándála agus le haghaidh freagairt do theagmhais, éascóidh CERT-EU malartú faisnéise maidir le cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhais i measc:

   (a) **Eintitis** [...] den Aontas;

   (b) na gcontrapháirtithe dá dtagraítear in Airteagail 16 agus 17.

2. Éascóidh CERT-EU**,** [...] **i ndlúthchomhar le ENISA, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 7(7)(d) den Ghníomh um Chibearshlándáil**[15]**,** comhordú i measc na n-**eintiteas** [...] den Aontas maidir le freagairt ar theagmhais, lena n-áirítear:

   (a) rannchuidiú le cumarsáid sheachtrach chomhsheasmhach;

   [...]

   (c) an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní oibríochtúla;

   (d) comhordú le sásraí eile freagartha ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais.

3. Tabharfaidh CERT-EU, **i ndlúthchomhar le ENISA**, tacaíocht d'**eintitis** [...] den Aontas maidir le feasacht staide i dtaobh cibearbhagairtí, leochaileachtaí agus teagmhas.

---

**15** RIALACHÁN (AE) 2019/881 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil)

4. Déanfaidh IICB**, faoin [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ar bhonn togra ó CERT-EU,** treoir**dhoiciméid nó moltaí** [...] **a ghlacadh** maidir le comhordú agus comhar maidir le freagairt ar theagmhais shuntasacha. I gcás ina bhfuil amhras ann gur de chineál cóiriúil an teagmhais, tabharfaidh CERT-EU comhairle maidir le conas an teagmhas a thuairisciú d'údaráis forfheidhmithe dlí.

*Airteagal 22*

***Bainistiú ar** mhór**theagmhais*** *[...]*

**-1. Chun tacú le bainistiú comhordaithe ar mhórtheagmhais ar an leibhéal oibríochtúil a dhéanann difear d'eintitis den Aontas agus chun rannchuidiú le faisnéis ábhartha a mhalartú go rialta i measc eintiteas den Aontas agus leis na Ballstáit, forbróidh IICB plean bainistithe cibirghéarchéime bunaithe ar ghníomhaíochtaí a shonraítear in Airteagal 21(2), i ndlúthchomhar le CERT-EU agus ENISA, agus áireofar ann, ar a laghad, na gnéithe seo a leanas:**

**(a) módúlachtaí comhordaithe agus sreabhadh faisnéise i measc na n-eintiteas den Aontas chun mórtheagmhais a bhainistiú ar an leibhéal oibríochtúil;**

**(b) Nósanna imeachta oibríochta comhchaighdeánacha;**

**(c) tacsanomaíocht chomhchoiteann maidir le mórtheagmhais agus pointí truiceartha géarchéime;**

**(d) cleachtaí rialta;**

**(e) bealaí cumarsáide slána atá le húsáid;**

**(f) pointe teagmhála do EU-CyCLONe, a chomhroinnfidh faisnéis ábhartha le EU-CyCLONe mar ionchur i bhfeasacht staide chomhroinnte.**

1. Comhordóidh CERT-EU freagairtí i measc na n-**eintiteas** [...] den Aontas ar mhór**theagmhais** [...]. Coinneoidh sé ar bun fardal saineolais theicniúil a bheadh ag teastáil chun freagairt do theagmhais i gcás **mórtheagmhas** [...].

2. Rannchuideoidh na **heintitis** [...] den Aontas leis an bhfardal saineolais theicniúil trí bhíthin liosta na saineolaithe atá ar fáil ina n-eagraíochtaí faoi seach a sholáthar lena mionsonraítear a scileanna teicniúla sonracha, liosta a dhéanfar nuashonrú bliantúil air.

**3. Tar éis iarraidh shonrach a fháil ó Bhallstát ina bhfuil an t-eintiteas den Aontas a ndéantar difear dó lonnaithe, agus a mbeidh** formheas aige ón [...] **eintiteas** den Aontas a ndéantar difear dó [...], féadfaidh CERT-EU freisin úsáid a bhaint as na saineolaithe ón liosta dá dtagraítear i mír 2 chun rannchuidiú leis an bhfreagairt ar mhór**theagmhais** [...] **in** [...] **eintiteas sin den Aontas** [...].

## Caibidil VI
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### *Airteagal 23*
### ***Ath-leithdháileadh buiséid tosaigh***

Molfaidh an Coimisiúin go n-ath-leithdháilfear líon foirne agus acmhainní airgeadais ó **eintitis** ábhartha [...] den Aontas go buiséad an Choimisiúin. Beidh éifeacht ag an ath-leithdháileadh an tráth céanna a ghlacfar leis an gcéad bhuiséad tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 24*

***Athbhreithniú***

1. Ar bhonn tréimhsiúla, déanfaidh an Bord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil, le cúnamh ó CERT-EU, tuairisciú don Choimisiún ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Féadfaidh IICB moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le [...] **hathbhreithniú** a dhéanamh ar an Rialachán seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar chur chun feidhme an Rialacháin seo **36**[...] mhí, ar a dhéanaí, tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmiú an Rialacháin seo agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún **tráth nach déanaí** [...] ná 5 bliana tar éis an dáta teacht i bhfeidhm. **Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil nuair is gá.**

*Airteagal 25*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an* AontaisEorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

## IARSCRÍBHINN II

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]